2024/2474

20.9.2024

CINNEADH (AE) 2024/2474 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Aibreán 2024

maidir le scéimeanna cabhrach SA. 50787 (2021/C) (ex 2018/N) agus SA.50837 (2021/C) (ex 2018/N) arna gcur chun feidhme ag an tSeicia i bhfabhar fiontair mhóra atá gníomhach i dtáirgeadh príomhúil talmhaíochta

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 2096)

(Is é an téacs Seicise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 108(2) de,

Tar éis a iarraidh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach de bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 108(2) CFAE ([1]) agus ag féachaint dá mbarúlacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

(1) Le litir dar dáta an 29 Márta 2018, thug an tSeicia fógra don Choimisiún faoi scéim cabhrach SA.50787 (2018/N). D'iarr an Coimisiún faisnéis bhreise i litreacha dar dáta an 22 Bealtaine 2018, an 19 Iúil 2018, an 8 Deireadh Fómhair 2018, an 17 Nollaig 2018, an 6 Márta 2019, an 28 Bealtaine 2019 agus an 6 Bealtaine 2020. Chuir údaráis na Seice faisnéis bhreise isteach i litreacha dar dáta an 21 Meitheamh 2018, an 20 Lúnasa 2018, an 8 Samhain 2018, an 18 Eanáir 2019 agus an 29 Bealtaine 2020.

(2) I litir dar dáta an 6 Aibreán 2018, thug an tSeicia fógra faoi scéim cabhrach SA.50837 (2018/N). D'iarr an Coimisiún faisnéis bhreise i litreacha dar dáta an 1 Meitheamh 2018, an 14 Lúnasa 2018, an 8 Deireadh Fómhair 2018, an 17 Nollaig 2018, an 6 Márta 2019, an 28 Bealtaine 2019 agus an 6 Bealtaine 2020. Chuir údaráis na Seice faisnéis bhreise isteach i litreacha dar dáta an 21 Meitheamh 2018, an 13 Meán Fómhair 2018, an 8 Samhain 2018, an 18 Eanáir 2019, an 29 Márta 2019 agus an 29 Bealtaine 2020.

(3) I litir dar dáta an 6 Márta 2019, chuir an Coimisiún údaráis na Seice ar an eolas faoina chinneadh an dá fhógra a aistriú isteach i gclár na mbeart cabhrach nár tugadh fógra ina leith, toisc gur deonaíodh cabhair sular tugadh fógra don Choimisiún faoi na scéimeanna cabhrach. An tráth céanna, chinn an Coimisiún na cásanna sin a chumasc chun críche a measúnaithe, toisc an t-ábhar a bheith comhionann.

(4) Le litir dar dáta an 12 Eanáir 2021, chuir an Coimisiún in iúl don tSeicia go raibh cinneadh déanta aige an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'CFAE' anseo feasta) a thionscnamh i leith na cabhrach a deonaíodh do ghnóthais mhóra sular glacadh Cinneadh C(2021) 41 final an 12 Eanáir 2021 ([2]) ('an cinneadh tosaigh') agus i leith an fhógra a tugadh d'údaráis na Seice fúithi. An tráth céanna, chinn an Coimisiún gan agóidí a dhéanamh in aghaidh na cabhrach a dheonófaí faoin dá scéim SA.50787 agus SA.50837 tar éis ghlacadh an chinnidh tosaigh agus tar éis fógra a thabhairt faoi d'údaráis na Seice, ar an bhforas go raibh sí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de bhun Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE.

(5) Foilsíodh an cinneadh ón gCoimisiún an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 108(2) CFAE a thionscnamh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ([3]). D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara agus ar an tSeicia a mbarúlacha a chur isteach.

([1]) Cuireadh chun barúlacha a chur isteach de bhun Airteagal 108(2) CFAE, Státchabhair SA.50787 (2019/NN) (ex 2018/N) agus SA.50837 (2019/NN) (ex 2018/N) (IO C 60, 19.2.2021, lch. 39).
([2]) IO C 60, 19.2.2021, lch. 39.
([3]) Féach fonóta 2.

(6) Fuair an Coimisiún cúig bharúil ó pháirtithe leasmhara. Chuir sí ar aghaidh chuig an tSeicia iad, agus tugadh an deis di freagairt. Leis an litir chéanna, d'iarr an Coimisiún freisin ar údaráis na Seice nuashonrú a thabhairt ar staid na himeartha maidir leis na nósanna imeachta aisghabhála arna dtionscnamh ag údaráis na Seice, go háirithe maidir leis na himeachtaí Cúirte gaolmhara ([4]). Chuir an tSeicia a barúlacha isteach le litir dar dáta an 23 Bealtaine 2022.

(7) I litir dar dáta an 15 Meitheamh 2022, d'éiligh an Coimisiún soiléiriú breise maidir leis na rialuithe arna n-eisiúint ag an gCúirt náisiúnta maidir le haisghabháil na cabhrach a deonaíodh sular tugadh fógra faoin gcinneadh tosaigh ón gCoimisiún d'údaráis na Seice. D'fhreagair údaráis na Seice i litir dar dáta an 24 Lúnasa 2022.

2. TUAIRISC MHIONSONRAITHE AR NA SCÉIMEANNA CABHRACH

2.1. Raon feidhme an chinnidh

(8) Cumhdaítear leis an gcinneadh seo cabhair arna deonú go neamhdhleathach d'fhiontair mhóra chun úlloird a athstruchtúrú agus chun uisciú silte a thógáil in úlloird, i bpáirceanna leannlusanna, i bhfíonghoirt agus i bplandlanna, sular tugadh fógra faoi scéimeanna SA.50787 agus SA.50837.

(9) Is iad seo a leanas na scéimeanna ar tugadh fógra fúthu:

(a) SA.50787 (2021/C) (ex 2018/N): Cabhair chun úlloird a athstruchtúrú.

(b) SA.50837 (2021/C) (ex 2018/N): Cabhair chun uisciú silte a thógáil in úlloird, i bpáirceanna leannlusanna, i bhfíonghoirt agus i bplandlanna.

(10) Leis an dá fhógra, bhí sé beartaithe ag an tSeicia na bearta cabhrach láithreacha SA.46621 (2016/XA) agus SA.46972 (2016/XA) a ionadú, bearta a bhí díolmhaithe ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 ón gCoimisiún ([5]), chun an grúpa tairbhithe incháilithe a mhéadú le fiontair mhóra.Chuige sin, ar iad a bheith formheasta ag an gCoimisiún, bhí na scéimeanna cabhrach lena gcur in ionad na scéimeanna blocdhíolmhaithe sin.

2.2. Na gnéithe comhchoiteann den dá scéim

2.2.1. *Cuspóir*

(11) Le fógra SA.50787 (2021/C) (ex 2018/N), bhí sé d'aidhm ag údaráis na Seice cabhair a dheonú chun úlloird a chur, ar úlloird iad a fhástar i gcomhréir leis an modh táirgthe chomhtháite.

(12) Le fógra SA.50837 (2021/C) (ex 2018/N), bhí sé d'aidhm ag údaráis na Seice cabhair a dheonú chun uisciú silte feidhmiúil a thógáil in úlloird, i bpáirceanna leannlusanna, i bhfíonghoirt agus i bplandlanna sa tSeicia.

2.2.2. *Fad*

(13) Bhí an scéim cabhrach dhíolmhaithe SA.46621 (2016/XA) i bhfeidhm ón 17 Deireadh Fómhair 2016. Bhí an scéim cabhrach dhíolmhaithe SA.46972 (2016/XA) i bhfeidhm ón 7 Nollaig 2016. Cuireadh na scéimeanna cabhrach ar tugadh fógra fúthu SA.50787 agus SA.50837 in ionad an dá scéim cabhrach dhíolmhaithe an 12 Eanáir 2021.

(14) Leis an gcinneadh tosaigh, rinneadh an dá scéim cabhrach SA.50787 agus SA.50837 ar tugadh fógra fúthu a fhormheasadh don tréimhse suas go dtí an 31 Nollaig 2024.

2.2.3. *Tairbhithe*

(15) Faoin dá scéim SA.50787 agus SA.50837, is féidir cabhair a dheonú d'fhiontair de gach méid, atá gníomhach sa táirgeadh príomhúil talmhaíochta.

([4]) Le linn an réamh-nós imeachta, d'aithin údaráis na Seice gur seoladh imeachtaí aisghabhála ag an leibhéal náisiúnta do thairbhithe móra a fuair cabhair ar bhonn scéimeanna blocdhíolmhaithe. An 29 Bealtaine 2020, níor aisghabhadh aon chabhair ós rud é gur thug na tairbhithe lena mbaineann a gcásanna os comhair na gcúirteanna.

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 ón gCoimisiún an 25 Meitheamh 2014 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach, in earnáil na talmhaíochta agus in earnáil na foraoiseachta agus i limistéir thuaithe, comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (IO L 193, 1.7.2014, lch. 1).

2.2.4. *Bunús dlí*

(16) Is iad na hachtanna seo a leanas atá ina mbunús dlí don dá scéim SA.50787 agus SA.50837 araon agus do na scéimeanna cabhrach blocdhíolmhaithe SA.46621 (2016/XA) agus SA.46972 (2016/XA) roimhe seo freisin:

(1) Acht Uimh. 252/1997 Coll. maidir le talmhaíocht, arna leasú;

(2) Rialacha maidir le ranníocaíochtaí a dheonú bunaithe ar §§§ 1, 2 agus 2d d'Acht Uimh. 252/1997 Coll, maidir le talmhaíocht (dá ngairtear 'Prionsabail maidir le cabhair a dheonú' anseo feasta).

2.2.5. *Buiséad*

(17) Is é CZK 1 400 milliún (thart ar EUR 52,4 milliún) buiséad foriomlán scéim cabhrach SA.50787 (2021/C). ([6])

(18) Is é CZK 560 milliún (thart ar EUR 21 mhilliún) buiséad foriomlán scéim cabhrach SA.50837 (2021/C). ([7])

(19) Maoinítear an dá scéim cabhrach ó bhuiséad an Stáit.Is i bhfoirm deontas díreach a dheonaítear an chabhair.Is é an Ciste Idirghabhála Talmhaíochta Stáit (*Státní zemědělský intervenční fond*) an t-údarás deonúcháin don dá scéim.

2.3. **Tuairisc ar scéim cabhrach SA.50787 (2021/C)**

(20) Is féidir cabhair faoin scéim cabhrach seo a dheonú d'úlloird nua-phlandaithe sa tSeicia lasmuigh den phríomhchathair, Prág. Deonaítear cabhair i mbliain plandála.

(21) Is féidir cabhair a dheonú chun cineálacha torthaí a chur is torthaí a liostaítear sa tábla i nDoiciméad léirmhínithe an chláir fóirdheontais, a fhástar sa chóras táirgthe chomhtháite, agus nach sáraíonn na teorainneacha seasta miotail throma ([8]).

(22) Tá na costais seo a leanas incháilithe le haghaidh cabhrach:

(1) Costais na n-oibreacha ullmhúcháin: toirchiú stoic, ullmhú ithreach (treabhadh domhain, saothrú, leasú, ullmhú roimh phlandáil), ullmhú tionscadail (cineálacha a roghnú, pailneoirí, treo na mbúclaí, treoshuíomh geoiméadrach na dáileachta), suiteáil fálta, toisiú plandála, ullmhú díoga;

(2) Costais a bhaineann le hábhar plandála, lena n-áirítear an t-iompar ar an dáileacht phlandála agus stóráil ghearrthéarmach;

(3) Costais a bhaineann leis an ábhar plandála a ullmhú lena phlandáil agus costais phlandála;

(4) Costais cosantóirí agus a suiteála, sciúrthóra agus a shuiteála, cuaillí tacaíochta agus sreangán ceangailte i mbliain plandála.

(23) Is féidir cabhair a dheonú suas le 50 % de na costais incháilithe agus faoi réir na n-uasmhéideanna seo a leanas:

(1) suas le 240 000 CZK/heicteár (thart ar EUR 9 000 ([9])) d'úlloird a bhfuil speicis incháilithe úll, piorraí, aibreog, péitseog, plumaí, silíní agus silíní searbha curtha iontu ar limistéar 1 heicteár ar a laghad in aghaidh an speicis, i gcás inarb é 800 crann in aghaidh an heicteáir an líon íosta crann;

(2) suas go dtí 120 000 CZK/heicteár (thart ar EUR 4 500 ([10])) d'úlloird a bhfuil speicis incháilithe úll, piorraí, aibreog, péitseog, plumaí, silíní agus silíní searbha curtha ann ar limistéar 1 heicteár ar a laghad in aghaidh an speicis amháin, i gcás inarb é 400 crann in aghaidh an heicteáir an líon íosta crann;

(3) suas le 60 000 CZK/heicteár (thart ar EUR 2 250 ([11])) d'úlloird a bhfuil speicis bheaga torthaí incháilithe curtha iontu (cuiríní, spíonáin, súitha craobh) ar limistéar 0,5 heicteár ar a laghad in aghaidh an speicis amháin. Ní mór gurb é 3 000 in aghaidh an heicteáir an líon íosta síológ.

([6]) Ráta malairte CZK go EUR an 17.9.2020: 1 CZK = 0,03743 EUR.
([7]) Ráta malairte CZK go EUR an 17.9.2020: 1 CZK = 0,03743 EUR.
([8]) Féach aithris (25) den chinneadh tosaigh.
([9]) Ráta malairte CZK go EUR an 17.9.2020: 1 CZK = 0,03743 EUR.
([10]) Ráta malairte CZK go EUR an 17.9.2020: 1 CZK = 0,03743 EUR.
([11]) Ráta malairte CZK go EUR an 17.9.2020: 1 CZK = 0,03743 EUR.

(24) Is é is aidhm do na hinfheistíochtaí faoin scéim seo feidhmiú agus inbhuanaitheacht fhoriomlán na ngabháltas talmhaíochta a fheabhsú.

(25) Ní dhearnadh foráil maidir leis an mbeart céanna i gClár Forbartha Tuaithe na Seicia 2014-2020. Cé go raibh an beart 'Táirgeadh comhtháite torthaí' sa Chlár Forbartha Tuaithe, de réir údaráis na Seice ní raibh aon fhorluí idir an dá bheart sin ach bhí siad comhlántach. Cé go ndeonaítear an Státchabhair chun na húlloird a chur, cuireadh maoiniú d'úlloird a bhí ann cheana ar fáil faoin mbeart forbartha tuaithe. D'fhéadfadh iarratasóirí iarratas a chur isteach ar an dá cheann, an maoiniú Státchabhrach chun úlloird a bhunú agus ansin an maoiniú ina dhiaidh sin faoin gClár Forbartha Tuaithe chun iad a chothabháil. I gcás den sórt sin, ní mór dhá anailís ithreach a bheith curtha isteach acu lena bhfianaítear an urraim do luachanna teorann ceimiceán.

(26) Chinn an Coimisiún go raibh an scéim comhsheasmhach leis na cuspóirí a bhí á saothrú ag Clár Forbartha Tuaithe na Seicia 2014-2020, go sonrach leis an gcuspóir rannchuidiú le hiomaíochas an táirgthe phríomhúil talmhaíochta a fheabhsú agus cáilíocht na dtáirgí príomhúla a fheabhsú (aithrisí (92) agus (93) den chinneadh tosaigh). Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh tionchar dearfach ag an gcabhair ar an gcomhshaol, ós rud é gur lú an chainníocht miotal trom san ithir mar thoradh ar an modh táirgthe chomhtháite (aithris (94) den chinneadh tosaigh).

2.4. **Tuairisc ar scéim cabhrach SA.50837 (2021/C)**

(27) Faoin scéim seo, is féidir cabhair a dheonú le haghaidh na gcostas seo a leanas:

(1) innealra agus trealamh a cheannach nó a cheannach ar léas suas le margadhluach na sócmhainní;

(2) costais ghinearálta a bhaineann leis an gcaiteachas dá dtagraítear sa phointe roimhe seo.

(28) Is féidir cabhair a dheonú suas go dtí 50 % de na costais incháilithe agus féadfaidh na tairbhithe suas le CZK 72 000 (thart ar EUR 2 700 ([12])) a fháil in aghaidh an heicteáir d'uisciú silte a tógadh.

(29) Ní bhaineann infheistíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh faoin scéim seo le feabhas a chur ar shuiteálacha uiscithe atá ann cheana ná ar eilimintí de bhonneagar uiscithe, ach le suiteáil uiscithe titime nuathógtha amháin.

(30) I gcomhréir le Treoir 2000/60/CE ([13]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chuir an tSeicia in iúl don Choimisiún an plean bainistíochta abhantraí don limistéar iomlán ina ndéantar na hinfheistíochtaí, chomh maith le haon limistéir eile a bhféadfadh an infheistíocht difear a dhéanamh dá gcomhshaol. Maidir leis na bearta a ngabhann éifeacht leo bplean bainistíochta abhantraí i gcomhréir le hAirteagal 11 den Treoir sin agus atá ábhartha maidir leis an earnáil talmhaíochta, tá siad sonraithe i gclár ábhartha na mbeart.

(31) De réir údaráis na Seice, féadfar gurb é an toradh a bheidh ar na hinfheistíochtaí a chumhdaítear leis an scéim chabhrach sin glanmhéadú ar an limistéar uiscithe a dhéanann difear do dhobharlach nó d'uisce talún ar leith. Sa chomhthéacs sin, dheimhnigh údaráis na Seice nach ndéanann na hinfheistíochtaí difear do dhobharlaigh dromchla ná screamhuisce a bhfuil a stádas sainaitheanta mar stádas nach bhfuil go maith sa phlean bainistíochta abhantraí ábhartha ar chúiseanna a bhaineann le cainníocht uisce.

(32) De réir údaráis na Seice, tá tionchar dearfach ag an scéim ar an gcomhshaol, toisc go mbíonn éifeacht coigilte uisce ag an modh uiscithe silte, i gcomparáid le cineálacha eile uiscithe. Táthar ag súil go mbeidh mar thoradh ar an uisciú silte sábháil ar uisce de 30 % ar a laghad, go ndéanfar triomach a chomhrac agus, ar an mbealach sin, go bhfeabhsófar an chobhsaíocht táirgthe agus go méadófar ar cháilíocht uisce, fad a laghdófar úsáid an uisce.

(33) Dheimhnigh údaráis na Seice nach mór a léiriú le hanailís chomhshaoil nach mbeidh tionchar diúltach ag na hinfheistíochtaí cabhrach ar an gcomhshaol. Chuige sin, déantar measúnú aonair ar gach iarratas ar chabhair.

([12]) Ráta malairte CZK go EUR an 17.9.2020: 1 CZK = 0,03743 EUR.

([13]) Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

(34) Tá an deontas cabhrach coinníollach ar chead bainistithe uisce a chur isteach, arna eisiúint ag an údarás inniúil uisce a dhéanann measúnú, *inter alia,* ar éifeachtaí an tionscadail ar chomhpháirteanna éagsúla an chomhshaoil.

(35) Thairis sin, tá an chabhair coinníollach ar an méadrú tomhaltais uisce a chur i bhfeidhm ar leibhéal na hinfheistíochta tacaithe.

(36) Gheall údaráis na Seice go n-áiritheoidís, i leith an cheantair abhantraí ina ndéantar an infheistíocht, ranníocaíocht ó na húsáidí uisce éagsúla le gnóthú chostais na seirbhísí uisce de chuid earnáil na talmhaíochta, rud atá comhsheasmhach le hAirteagal 9(1), an chéad fhleasc, de Threoir 2000/60/CE, ag féachaint, i gcás inarb iomchuí, d'éifeachtaí sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha an ghnóthaithe agus do dhálaí geografacha agus aeráide an réigiúin nó na réigiún dá ndéantar difear.

(37) Chinn an Coimisiún go raibh an scéim comhsheasmhach leis na cuspóirí a bhí á saothrú ag Clár Forbartha Tuaithe na Seicia 2014-2020, agus go sonrach leis an gcuspóir rannchuidiú le hiomaíochas an táirgthe phríomhúil talmhaíochta a fheabhsú agus cáilíocht na dtáirgí príomhúla a fheabhsú (aithrisí (92) agus (93) den chinneadh tosaigh). Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh tionchar dearfach ag an gcabhair ar an gcomhshaol, ós rud é gur lú an chainníocht miotal trom san ithir mar thoradh ar an modh táirgthe chomhtháite (aithris (94) den chinneadh tosaigh).

3. FORAIS CHUN AN NÓS IMEACHTA A THIONSCNAMH

3.1. Neamhdhleathacht na scéimeanna cabhrach

(38) Tugadh fógra faoi scéimeanna cabhrach SA.50787 agus SA.50837 don Choimisiún an 29 Márta 2018 agus an 6 Aibreán 2018 faoi seach. Dheimhnigh údaráis na Seice gur cuireadh chun feidhme iad cheana féin sular tugadh fógra fúthu.

(39) Ós rud é nár urramaigh an tSeicia a hoibleagáid faoi Airteagal 108(3) CFAE, ([14])chinn an Coimisiún sa chinneadh tosaigh gur chabhair nua a bhí sa chabhair a deonaíodh cheana do ghnóthais mhóra sular tugadh fógra faoi scéimeanna SA.50787 agus SA.50837, cabhair a mheas sé a bheith ina cabhair neamhdhleathach de réir bhrí Airteagal 1(f) de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle. ([15])

3.2. Comhoiriúnacht na cabhrach leis an margadh inmheánach

(40) I gcomhréir le hAirteagal 107(3) CFAE, ní fhéadfar a mheas go bhfuil an chabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ach amháin más féidir leis tairbhiú de cheann de na maoluithe dá bhforáiltear san Airteagal sin. Sna cásanna a bhí idir lámha, scrúdaigh an Coimisiún arbh infheidhme an maolú in Airteagal 107(3)(c) CFAE, arna léirmhíniú ag forálacha ábhartha Threoirlínte 2014 an Aontais Eorpaigh maidir le Státchabhair in earnáil na talmhaíochta agus in earnáil na foraoiseachta agus i limistéir thuaithe ([16]) (dá ngairtear 'Treoirlínte 2014' anseo feasta).

(41) Faoi Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE, féadfar a mheas go bhfuil cabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach má chinntear go n-éascaítear léi forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe nó limistéar eacnamaíoch áirithe, i gcás nach ndéanann an chabhair sin difear díobhálach do dhálaí trádála an oiread go mbeadh dochar ann don leas comhchoiteann.

(42) Rinneadh measúnú ar na scéimeanna cabhrach freisin i bhfianaise Threoirlínte 2014, a bhí i bhfeidhm tráth a formheasadh scéimeanna SA.50787 agus SA.50837.

(43) Go sonrach, ina chinneadh tosaigh, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhoiriúnacht an dá scéim SA.50787 agus SA.50837 leis an margadh inmheánach ar bhonn Chuid I. ('Prionsabail mheasúnaithe choiteanna') agus Chuid II., Caibidil 1.1.1.1. ('*Cabhair le haghaidh infheistíochta i sócmhainní inláimhsithe agus sócmhainní doláimhsithe ar ghabháltais talmhaíochta atá nasctha le táirgeadh príomhúil talmhaíochta*') de Threoirlínte 2014.

([14]) Féach aithris (64) den chinneadh tosaigh.

([15]) Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (códú) (IO L 248, 24.9.2015, lch. 9).

([16]) IO C 204 an 1.7.2014, lch. 1, arna leasú leis an bhFógra a foilsíodh in IO C 390, 24.11.2015, lch. 4.

(44) Ar bhonn an mheasúnaithe sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ina chinneadh tosaigh go raibh an chabhair a dheonófaí **tar éis** an dá scéim cabhrach a fhormheas agus tar éis fógra a thabhairt d'údaráis na Seice faoin gcinneadh, comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de bhun Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE.

(45) Ag an gcéim sin, áfach, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún teacht ar an gconclúid chéanna maidir leis an gcabhair a deonaíodh do ghnóthais mhóra **roimh** fógra a thabhairt agus formheas a dhéanamh ar an dá scéim cabhrach SA.50787 agus SA.50837 leis an gcinneadh ón gCoimisiún. Léiríodh sa mheasúnú ar na scéimeanna cabhrach sin, cé go raibh an chabhair comhoiriúnach le coinníollacha sonracha Chuid II., Caibidil 1.1.1.1. de Threoirlínte 2014, go raibh amhras ann i ndáil le héifeacht dreasachta a bheith ann agus, dá bhrí sin, maidir le comhoiriúnacht na cabhrach sin leis an margadh inmheánach de bhun Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE, ar na cúiseanna seo a leanas.

(46) I gcomhréir le pointe (66) de Threoirlínte 2014, ní fhéadfaí a chinneadh go raibh cabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ach amháin dá mbeadh éifeacht dreasachta aici. Thairis sin, de bhun an phointe sin, bhí éifeacht dreasachta ag cabhair más rud é, mar thoradh air, gur athraigh sí iompraíocht gnóthais ar bhealach go raibh sé ag gabháil do ghníomhaíocht bhreise nach mbeadh sé ag gabháil di gan an chabhair nó a mbeadh sé ag gabháil di ar bhealach srianta nó éagsúil.

(47) I gcomhréir le pointe (70) de Threoirlínte 2014, mheas an Coimisiún nár dhreasacht do thairbhí í cabhair in aon chás ina raibh obair ar thionscadal nó ar ghníomhaíocht tosaithe cheana féin roimh don tairbhí an t-iarratas ar chabhair a dhéanamh chuig na húdaráis náisiúnta. Níor mhór a áireamh in iarratas den sórt sin ar chabhair, ar a laghad, ainm an iarratasóra agus méid an ghnóthais, tuairisc ar an tionscadal nó ar an ngníomhaíocht, lena n-áirítear a shuíomh agus na dátaí tosaithe agus an dáta críochnaithe, an méid cabhrach is gá chun an tionscadal nó an ghníomhaíocht a dhéanamh agus na costais incháilithe.

(48) De bhun phointe 35(25) de Threoirlínte 2014, ciallaíonn 'tús na n-oibreacha ar an tionscadal nó ar an ngníomhaíocht' tús na ngníomhaíochtaí, nó na n-oibreacha tógála i ndáil leis an infheistíocht, pé acu is luaithe, nó an chéad ghealltanas atá ceangailteach ó thaobh dlí de chun trealamh a ordú nó seirbhísí a úsáid nó aon ghealltanas eile a d'fhág gur thionscadal nó gníomhaíocht dho-athraithe é nó í.

(49) Ina theannta sin, de bhun phointe (72) de Threoirlínte 2014, bhí ar fhiontair mhóra tuairisc a thabhairt san iarratas ar an gcás gan an chabhair, ar a dtugtar an cás frithfhíorasach, agus fianaise dhoiciméadach a chur isteach chun tacú leis an gcás frithfhíorasach a dtugtar tuairisc air san iarratas. De bhun phointe (73) de Threoirlínte 2014, ceanglaíodh ar an údarás deonúcháin seiceáil inchreidteachta a dhéanamh ar an gcás frithfhíorasach agus a dheimhniú go raibh an éifeacht dreasachta ba ghá ag an gcabhair.

(50) I ndáil leis an gcoinníoll breise sin is infheidhme maidir le gnóthais mhóra an cás frithfhíorasach a chur isteach, rinne an Coimisiún tagairt sa chinneadh tosaigh don sainmhíniú ar mhicrifhiontair, ar fhiontair bheaga agus ar fhiontair mheánmhéide (FBManna), dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 ([17]) agus do chásdlí ábhartha Chúirteanna an Aontais. ([18])

(51) De bhun Airteagal 2(1) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, is éard a bhí i gcatagóir FBManna fiontair a bhfuil níos lú ná 250 duine fostaithe acu agus a raibh láimhdeachas bliantúil nach mó ná EUR 50 milliún acu, agus/nó iomlán bliantúil ar an gclár comhardaithe nach mó ná EUR 43 mhilliún.

(52) De bhun Airteagal 3(1) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, is éard ba 'fiontar uathrialaitheach' aon fhiontar nár aicmíodh mar fhiontar comhpháirtíochta de réir bhrí mhír 2 ná mar fhiontar nasctha de réir bhrí mhír 3 den Airteagal sin.

(53) De bhun Airteagal4 (2) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, sa chás, ar an dáta a dúnadh na cuntais, go bhfuair fiontar amach gur sháraigh sé, ar bhonn bliantúil, an líon foirne nó na tairseacha airgeadais a luaitear in Airteagal 2 nó gur thit sé fúthu, ní bheadh caillteanas nó gnóthú stádais mar fhiontar meánmhéide, fiontar beag nó micrifhiontar mar thoradh air sin, ach amháin má sáraíodh na tairseacha sin thar dhá thréimhse chuntasaíochta leanúnacha.

([17]) Cuireadh Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 in ionad Rialachán (AE) 2022/2472 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2022 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach, in earnáil na talmhaíochta agus in earnáil na foraoiseachta agus i limistéir thuaithe, comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (IO L 327, 21.12.2022, lch. 1). Níor modhnaíodh Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.

([18]) Féach aithrisí (105) go (113) den chinneadh tosaigh.

(54) Bhí an réasúnaíocht seo a leanas in aithrisí (109) go (113) den chinneadh tosaigh sa chomhthéacs sin.

(55) Mínítear in Aithris 40 de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 go bhfuil an sainmhíniú ar FBM a úsáidtear chun críche an Rialacháin sin bunaithe ar na sainmhínithe a leagtar síos i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún, ([19])chun difríochtaí, a bhféadfadh saobhadh ar iomaíocht eascairt astu, a dhíothú agus chun comhordú a éascú idir tionscnaimh éagsúla de chuid an Aontais agus tionscnaimh náisiúnta éagsúla i dtaca le FBManna, agus ar chúiseanna soiléireachta riaracháin agus cinnteachta dlíthiúla.

(56) Mínítear in aithris 39 de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 an bhunchúis atá le FBManna a dhíolmhú ón gceanglas fógra in Airteagal 108(3) CFAE: *'Tá ról ríthábhachtach ag FBManna i gcruthú post agus, go ginearálta, is fachtóir cobhsaíochta sóisialta agus ceann tiomána an geilleagair iad.Mar sin féin, d'fhéadfadh teipeanna margaidh teorainn a chur le forbairt FBManna, rud a fhágann go gcuirtear baic áirithe rompu.Is minic a bhíonn deacrachtaí ag FBManna caipiteal nó iasachtaí a fháil, i bhfianaise a chlaonta atá margaí airgeadais áirithe gan rioscaí a thógáil agus i bhfianaise na comhthaobhachta a fhéadfaidh siad a thairiscint, ar comhthaobhacht theoranta í go minic.De dheasca a n-acmhainní teoranta, féadfaidh an rochtain atá acu ar fhaisnéis a bheith srianta freisin, go háirithe maidir le teicneolaíocht nua agus margaí ionchasacha.Dá bhrí sin, chun forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíochta FBManna a éascú, ba cheart, leis an Rialachán seo, catagóirí áirithe cabhrach i bhfabhar FBManna a dhíolmhú ón gceanglas fógra atá in Airteagal 108(3) den Chonradh.'*

(57) Mar a chuirtear in iúl san iliomad breithiúnas ó Chúirteanna an Aontais, níor cheart ach fiontair atá thíos leis na baic is gnách do FBM a bheith i dteideal na mbuntáistí a eascraíonn as an stádas sin.De réir chásdlí Chúirteanna an Aontais, ní mór an sainmhíniú ar FBM a léirmhíniú go docht, ós rud é gur eisceachtaí ó rialacha ginearálta iad na buntáistí a thugtar le stádas FBM i bhformhór na gcásanna (go háirithe i réimse na Státchabhrach) ([20]). Ní mór grúpaí fiontar a bhféadfadh a gcumhacht eacnamaíoch a bheith níos mó ná cumhacht eacnamaíoch fíor-FBManna a bhaint den cháilíocht sin ar FBManna, fiú má chomhlíonann siad go foirmiúil na critéir a leagtar síos sa Sainmhíniú ar FBM. ([21])Ní mór a áirithiú freisin nach rachfar timpeall ar an sainmhíniú ar FBM ar bhealaí foirmiúla amháin ([22]). I gcomhréir leis an gcásdlí sin, mura bhfuil fiontar lena mbaineann thíos leis na baic is gnách do FBM, tá an Coimisiún i dteideal diúltú aitheantas a thabhairt dó mar FBM. Tá an cásdlí sin á threorú ag prionsabal *effet utile* lena gcaomhnaítear éifeacht úsáideach dhlí an Aontais.

([19]) Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

([20]) Cás C- 110/13 *HaTeFo*, EU:C:2014:114, mír 32.

([21]) Féach go háirithe na breithiúnais sna Cásanna seo a leanas (béim curtha leis)

— C- 516/19 *NMI Technologietransfer*, EU:C:2020:754, míreanna 31- 34 (i gcás a bhaineann le léirmhíniú an tSainmhínithe ar FBM faoin Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine, Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún); *'34 Dá bhrí sin, tá sé i gceist leis an tástáil sin tuiscint níos fearr a fháil, mar is léir, inter alia, ó aithris 9 de Mholadh 2003, ar a bhfuil an coincheap 'FBM' a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin bunaithe, mar a luaitear in aithris 30 de Rialachán Uimh. 651/2014, ar staid eacnamaíoch FBManna agus* ***grúpaí fiontar a bhféadfadh a gcumhacht eacnamaíoch a bheith níos mó ná cumhacht eacnamaíoch fíor-FBManna a bhaint den cháilíocht sin, d'fhonn a áirithiú nach ndéanfaidh ach na fiontair sin a bhfuil gá acu i ndáiríre leis na buntáistí a fhabhraíonn don chatagóir FBManna ó na rialacha nó na bearta éagsúla atá ar mhaithe leo tairbhe iarbhír a bhaint astu*** *(féach, de réir analaí, breithiúnas an 27 Feabhra 2014, HaTeFo, C-110/13, EU:C:2014:114, mír 31).*

— C- 91/01 *An Iodáil v an Coimisiún*, EU:C:2004:244 míreanna 31, 50-54 (*'51.Dá réir sin, ní mór an critéar neamhspleáchais a léirmhíniú i bhfianaise na críche sin, mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta i mír 33 dá Thuairim, ionas nach bhféadfar a mheas, maidir le fiontar atá faoi úinéireacht fiontair mhóir ar lú ná 25 % é agus, dá bhrí sin,* ***a chomhlíonann an critéar go foirmiúil, ach gur le grúpa mór fiontar é i ndáiríre, go gcomhlíonann sé an critéar mar sin féin***.'),

— C- 110/13 *HaTeFo*, EU:C:2014:114, mír 34, 39 (*'34 Dá bhrí sin, ní mór an ceathrú fomhír d'Airteagal 3(3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh FBM* ***a léirmhíniú i bhfianaise an chuspóra sin****, ionas nach mór* ***fiontair nach bhfuil ceann amháin nó ceann eile de na caidrimh*** *dá dtagraítear i mír 28 thuas acu go foirmiúil, ach, mar gheall ar an ról atá ag duine nádúrtha nó ag grúpa daoine nádúrtha ag gníomhú dóibh go comhpháirteach****, mar sin féin, arb ionann iad agus aonad eacnamaíoch aonair, a mheas freisin mar fhiontair nasctha*** *chun críocha na forála sin, ós rud é go dtéann siad i mbun a ngníomhaíochtaí nó i gcuid dá ngníomhaíochtaí sa mhargadh ábhartha céanna nó i margaí cóngaracha (féach, de réir analaí, an Iodáil v an Coimisiún, mír 51)'.*

— T- 137/02, *Pollmeier v an Coimisiún*, EU:T:2004:304, míreanna 61- 62. (*'62 Dá réir sin,* ***ní mór Airteagal 1(3) agus (4) den iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 96/280 a léirmhíniú i bhfianaise na críche sin,*** *ionas nach mór na sonraí d'fhiontar, fiú fiontar atá faoi úinéireacht níos lú ná 25 % ag fiontar eile, a chur san áireamh agus na tairseacha a luaitear i mír 1 den airteagal céanna á ríomh i gcás inar* ***aonad eacnamaíoch iad na fiontair sin, cé go bhfuil siad leithleach go foirmiúil*** *(féach, chuige sin, an Iodáil v an Coimisiún, mír 51).')*

([22]) Cásanna C- 91/01 *An Iodáil v an Coimisiún*, EU:C:2004:244, mír 50; C- 110/13, *HaTeFo*, ECLI:EU:C:2014:114, mír 33.

(58) Le hAirteagal 4(2) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, cuirtear saoráid ar fáil do FBManna chun a stádas a chaomhnú d'ainneoin athruithe a mheastar a bheith sealadach agus faoi réir luaineachta ('*ach amháin má sáraíodh na tairseacha sin thar dhá thréimhse chuntasaíochta leanúnacha*'). Bheadh sé i gcoinne phrionsabal *effet utile* saoráid den sórt sin a chur ar fáil d'fhiontair a bhfuil struchtúr athraithe go buan acu i ndáiríre, mar thoradh ar athrú úinéireachta tar éis cumaisc nó éadála, agus iad á mbrú ar bhonn marthanach os cionn an lín foirne ábhartha nó na dtairseacha airgeadais ábhartha a cheadaítear do FBM. Dá bhrí sin, más léir ón réaltacht eacnamaíoch nach fíor-FBManna é fiontar ar leith, fiú mura dtugtar tuairisc ar an gcás áirithe sin in Airteagal 4(2) den Sainmhíniú ar FBM in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, níor cheart go mbainfeadh fiontar den sórt sin tairbhe as stádas FBM tar éis athrú úinéireachta den sórt sin.

(59) Dá bhrí sin, i gcomhréir le léirmhíniú comhsheasmhach an Choimisiúin, ag brath ar phrionsabal *effet utile*, mar a chuirtear in iúl i gcásdlí Chúirteanna an Aontais a bhaineann leis an sainmhíniú ar FBM (aithris (57)), níl feidhm ag Airteagal 4(2) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 i gcás fiontair a sháraíonn na tairseacha ábhartha FBM mar thoradh ar athrú ar struchtúr nó ar úinéireacht tar éis cumaisc nó éadála. I gcás den sórt sin, is é an tráth ábhartha don mheasúnú tráth an idirbhirt (faoinar tháinig siad chun bheith ina gcuid bhuan de ghnóthas níos mó) seachas tráth dúnta chuntais an eintitis dhlítheanaigh is iarratasóir.

(60) Ar an mbonn sin, bhí an chonclúid seo a leanas in aithris (114) den chinneadh tosaigh: Go dtí go bhformheasfar an dá scéim cabhrach sin, cé gur féidir cabhair i bhfabhar gnóthais talmhaíochta bheaga agus mheánmhéide a dheonú ar bhonn na mbeart blocdhíolmhaithe comhfhreagrach faoi Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, níl aon scéim cabhrach fhormheasta i bhfeidhm lena gceadófaí cabhair do ghnóthais mhóra.Dá bhrí sin, deonaíodh cabhair do ghnóthais mhóra de shárú ar an oibleagáid fógra a thabhairt de bhun Airteagal 108 (3) CFAE.

(61) Mar a mhínítear thuas in aithris (10), beartaíodh an dá scéim cabhrach SA.50787 agus SA.50837 a chur in ionad bhearta blocdhíolmhaithe SA.46621 (2016/XA) agus SA.46972 (2016/XA) a bhí ann cheana, d'fhonn an bonn a sholáthar chun cabhair a dheonú d'fhiontair mhóra freisin.

(62) Dheimhnigh údaráis na Seice, faoin dá scéim bhlocdhíolmhaithe, gur deonaíodh cabhair infheistíochta do ghnóthais áirithe a measadh ar dtús a bheith ina FBManna tráth a deonaíodh an chabhair. De réir na faisnéise a chuir údaráis na Seice isteach an 8 Samhain 2018 ([23]), léiríodh sa tseiceáil *ex-post* riaracháin a rinne na húdaráis sin nár chomhlíon na tairbhithe sin an sainmhíniú ar FBM, a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, mar a léirmhínítear é i gcásdlí Chúirteanna an Aontais a bhaineann leis an sainmhíniú sin.Ar an mbonn sin, mheas an Coimisiún sa chinneadh tosaigh ([24]) gurbh fhiontair mhóra iad na faighteoirí sin tráth a deonaíodh an chabhair.

(63) Ina chinneadh tosaigh, mheabhraigh an Coimisiún nár iarradh aon chás frithfhíorasach don chabhair infheistíochta a deonaíodh ar bhonn scéimeanna díolmhaithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, toisc gur ghá an chabhair sin a dheonú do FBManna amháin ([25]). Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le cé acu a chuir nó nár chuir na tairbhithe, arbh fhiontair mhóra iad agus a fuair cabhair ar bhonn scéim bhlocdhíolmhaithe amháin nó an dá scéim bhlocdhíolmhaithe (aithris (62)), an cás frithfhíorasach isteach i ndáiríre ([26]).

(64) Ós rud é go raibh cur isteach an cháis fhrithfhíorasaigh, in éineacht leis na doiciméid tacaíochta, ar cheann de na ceanglais a bhain le héifeacht dreasachta na cabhrach le haghaidh gnóthais mhóra a bheith ann, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár chosúil go raibh éifeacht dreasachta ag an gcabhair a deonaíodh do ghnóthais mhóra sular tugadh fógra faoin dá scéim cabhrach SA.50787 agus SA.50837.

(65) Thairis sin, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le comhréireacht na cabhrach a deonaíodh d'fhiontair mhóra sular tugadh fógra faoi scéimeanna SA.50787 agus SA.50837, go háirithe critéar an chur chuige glanchostais bhreise faoi phointí (95) go (97) de Threoirlínte 2014.Mheas an Coimisiún, in éagmais dhóchúil an cháis fhrithfhíorasaigh ([27]), nárbh fhéidir le húdaráis na Seice a áirithiú go gcomhfhreagraíonn na méideanna cabhrach do na glanchostais bhreise a bhaineann leis an infheistíocht a chur chun feidhme sa réimse lena mbaineann, trína chur i gcomparáid leis an gcás gan chabhair ([28]).

([23]) Uimh. Thag.: 3957- 2/2018- SZEU- ZEMZP, Faisnéis bhreise arna cur isteach ag údaráis na Seice agus Fógraí i gceangal léi maidir le tionscnamh imeachtaí riaracháin.
([24]) Féach aithrisí (104) go (114) den chinneadh tosaigh.
([25]) Féach aithris 115 den chinneadh tosaigh.
([26]) Féach aithris 115 den chinneadh tosaigh.
([27]) Féach aithris 115 den chinneadh tosaigh.
([28]) Féach aithris 121 den chinneadh tosaigh.

(66) I bhfianaise na réasúnaíochta sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid sa chinneadh tosaigh go raibh amhras ann maidir le héifeacht dreasachta a bheith ann agus comhlíonadh phrionsabal na comhréireachta maidir le cabhair a deonaíodh do ghnóthais mhóra sular fhormheas an Coimisiún é ([29]).

(67) Ar na forais sin, thionscain an Coimisiún an nós imeachta de bhun Airteagal 108(2) CFAE agus d'iarr sé ar gach tríú páirtí a bhféadfadh sé go ndearna an chabhair sin difear dóibh chomh maith leis an tSeicia a mbarúlacha a chur isteach. An tráth céanna, d'iarr an Coimisiún ar an tSeicia an fhaisnéis uile a sholáthar a d'fhéadfadh cabhrú le measúnú a dhéanamh ar an gcabhair.

4. **BARÚLACHA ÓN tSEICIA**

(68) Ina n-aighneacht maidir leis an gcinneadh tosaigh, dheimhnigh údaráis na Seice nach raibh ach FBManna incháilithe don dá scéim bhlocdhíolmhaithe (SA.46621 (2016/XA) agus SA.46972 (2016/XA)) agus mhínigh siad gurbh é an t-aon chúis a bhí leis an gcabhair a dheonú d'fhiontair mhóra freisin ná an measúnú earráideach a rinne údaráis na Seice ar mhéid na dtairbhithe sin. Luaigh údaráis na Seice gur soiléiríodh teorannú na cabhrach do FBManna trí thagairt d'Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 sa bhunús dlí náisiúnta agus nár ghá é a dhéanamh arís ann i bhfoirm eile. Mhínigh siad freisin gur tharla earráidí riaracháin, trínar measadh go mícheart gur FBManna iad tairbhithe gnóthais mhóir áirithe tráth a deonaíodh an chabhair agus gur léirigh seiceáil *ex-post* na n-údarás go raibh an measúnú tosaigh earráideach.

(69) Dheimhnigh an tSeicia gur thionscain sí nósanna imeachta aisghabhála i mí Eanáir 2019 i ndáil le cabhair a deonaíodh do sheacht dtairbhí shainaitheanta, arbh fhiontair mhóra iad tráth a fuair siad an chabhair. Bhain na nósanna imeachta aisghabhála sin le cabhair a deonaíodh faoi bhlocdhíolúine amháin nó faoin dá bhlocdhíolúine sna blianta 2016 agus 2017.

(70) Mhínigh údaráis na Seice gurbh é cuspóir Aireacht Talmhaíochta na Seice cabhair a sholáthar sa dá bhliain sin do FBManna amháin. Sa bhunús dlí (rialacha náisiúnta an chláir fóirdheontais) bhí tagairt d'Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, lenar cuireadh teorainn leis an gcabhair do FBManna. Dá bhrí sin, ní raibh ceisteanna ann maidir le coinníollacha breise ábhartha ab infheidhme maidir le fiontair mhóra (cás frithfhíorasach, critéar comhréireachta).

(71) An tráth céanna, mheas údaráis na Seice ina n-aighneacht maidir leis an gcinneadh tosaigh go bhféadfaí a mheas gurbh ann d'éifeacht dreasachta na cabhrach, arna deonú go mícheart do ghnóthais mhóra, d'ainneoin easpa an cháis fhrithfhíorasaigh agus a mheasúnaithe ag na húdaráis náisiúnta.

(72) I ndáil leis sin, d'áitigh údaráis na Seice go mbaineann costais arda le hinfheistíochtaí in athstruchtúrú úllord agus in uisciú, ar costais iad nach ndéanfadh na tairbhithe gan an chabhair. Dar le húdaráis na Seice, deimhnítear an méid sin ós rud é, ó bhí 2018 ann, tráth nach raibh aon scéim cabhrach fhormheasta i bhfabhar fiontair mhóra i bhfeidhm, nár chuir fiontair mhóra aon úlloird nua agus, ar an gcaoi chéanna, nach ndearnadh aon infheistíocht i mbonneagar uiscithe silte. Ar an bhforas sin, mheas údaráis na Seice nach ndéanfadh na tairbhithe móra a fuair cabhair in 2016–2017 ar bhonn scéim bhlocdhíolmhaithe amháin nó an dá scéim na hinfheistíochtaí gan an chabhair.

(73) Measann an tSeicia dá bhrí sin gurbh ann don éifeacht dreasachta *de facto* sna cásanna sin.

(74) Ar an gcaoi chéanna, dar le húdaráis na Seice, bhí an chabhair sin comhréireach, toisc gur cuireadh uasteorainn CZK 240 000 in aghaidh an heicteáir leis an uasmhéid cabhrach le haghaidh infheistíochtaí in athstruchtúrú úllord, agus d'fhéadfadh na fíorchostais a bheith chomh hard le thart ar CZK 500 000 agus níos mó le haghaidh na bhfiontar mór.I bhfianaise an uasmhéid cabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann, mheas údaráis na Seice, fiú gan measúnú a dhéanamh ar an gcás frithfhíorasach, go bhféadfaí glacadh leis go raibh ráta toraidh inmheánach an tionscadail réasúnta agus nár tháinig méadú air os cionn an ghnáthleibhéil mar thoradh ar an gcabhair.

([29]) Féach aithrisí 116 agus 122 den chinneadh tosaigh.

(75) Thairis sin, dúirt an tSeicia go bhfuil an staid, nuair nach ndéanann fiontair mhóra infheistíocht i bplandú úllord agus i mbonneagar uiscithe silte, an-diúltach. Mhínigh údaráis na Seice go bhfuil acraíocht úllord torthaí ag dul i léig le fada an lá sa tSeicia, agus go bhfuil céatadán na sean-úllord ard agus ag dul i méid inti.

5. **BARÚLACHA Ó PHÁIRTITHE LEASMHARA**

(76) Fuair an Coimisiún aighneachtaí ó chúig thríú páirtí – gach ceann acu ina thairbhí den chabhair, faoi scéim cabhrach amháin nó faoin dá scéim. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 1(h) de Rialachán (AE) 2015/1589, is féidir iad uile a mheas mar pháirtithe leasmhara.

(77) Baineann an nós imeachta aisghabhála a luaitear in aithris (69) leis na cúig thairbhí sin go léir. Níor chuir an dá thairbhí eile lena mbaineann na nósanna imeachta aisghabhála (RBQ SADY s.r.o., agus M+A+J s.r.o.) aon bharúlacha isteach.

(78) Deimhníodh an méid seo a leanas leis na haighneachtaí ó na cúig thairbhí sin:

(1) Léirigh na cúig thairbhí go léir i gceann amháin ar a laghad dá n-iarratais ar chabhair in 2016 agus 2017 a stádas mar ghnóthas mór agus ní mar FBM tráth deonaithe na cabhrach. In aon chás, bhí a stádas mar fhiontair mhóra le feiceáil ó na doiciméid a cuireadh isteach ag gabháil leis na hiarratais ar chabhair. D'áitigh siad nach raibh sé soiléir dóibh ag an am go raibh an chabhair teoranta do FBManna amháin. Dúirt siad freisin nár áiríodh méid tairbhí i measc na gcoinníollacha incháilitheachta sa bhunús dlí náisiúnta ('Prionsabail maidir le cabhair a dheonú', aithris (16)).

(2) Mhínigh na cúig thairbhí go léir go ndearna an t-údarás deonúcháin (ciste talmhaíochta agus idirghabhála Stáit) seiceáil *ex-post* ina dhiaidh sin, lenar deimhníodh gur úsáideadh an chabhair i gcomhréir lena cuspóir agus nár sainaithníodh aon mhí-iompar ná locht.

(3) I mí Eanáir 2019, thionscain Aireacht Talmhaíochta na Seice na nósanna imeachta aisghabhála maidir le seacht dtairbhí.

(4) Luadh sna cinntí aisghabhála a díríodh ar sheacht dtairbhí gur deonaíodh an chabhair dóibh de shárú ar dhlí an Aontais agus ar an mbunús dlí náisiúnta, as a n-eascraíonn sé nach raibh an chabhair sin ar fáil ach do mhicrifhiontair agus do FBManna. Níor chomhlíon tairbhithe na cabhrach an coinníoll sin.

(5) I mí Mheán Fómhair 2019, rinne na cúig thairbhí a chuir a mbarúlacha isteach maidir leis an gcinneadh tosaigh cásanna dlí ar leithligh a chomhdú os comhair Chúirt Bhardasach Phrág, á iarraidh go ndéanfaí cinntí aisghabhála Aireacht Talmhaíochta na Seice a neamhniú.

(79) Achoimre ar na haighneachtaí maidir leis an gcinneadh tosaigh:

Barúlacha ó POMONA Těšetice a.s. ([30])

(80) Fuair POMONA Těšetice a.s. cabhair faoin dá scéim cabhrach i mí na Nollag 2016.

(81) Ina aighneacht, d'áitigh POMONA Těšetice a.s. gur bunaíodh ionchais dhlisteanacha leis an gcinneadh deonúcháin. Maíonn an chuideachta gur úsáideadh an chabhair i gcomhréir leis an gcuspóir a leagtar síos sa bhunús dlí.

(82) Mhínigh POMONA Těšetice a.s., ar bhonn an bhunúis dlí náisiúnta ('Prionsabail chun cabhair a dheonú', aithris (16)), nach bhféadfaí teacht ar an gconclúid nach raibh an chabhair le deonú ach amháin do FBManna. Mhaígh an chuideachta gur léirigh sí a méid mar fhiontar mór go cruinn san iarratas ar chabhair.

(83) Chuir POMONA Těšetice a.s. an cás frithfhíorasach san áireamh san aighneacht, ag míniú an cháis gan an chabhair agus d'áitigh sé go raibh an chabhair comhréireach.

Barúlacha ó ÚSOVSKO EKO s.r.o. ([31])

(84) Fuair ÚSOVSKO EKO s.r.o. cabhair chun úlloird a athstruchtúrú (scéim cabhrach SA.50787) i mí na Nollag 2016 agus i mí na Nollag 2017.

([30]) a.s. = 'akciová společnost' = cuideachta comhstoic

([31]) s.r.o. = 'společnost s ručením omezeným' = cuideachta phríobháideach theoranta

(85) D'áitigh ÚSOVSKO EKO s.r.o. gur ghníomhaigh sé de mheon macánta agus gur agair sé ionchais dhlisteanacha toisc gur léirigh sé go cruinn sna hiarratais ar chabhair don dá bhliain a stádas mar fhiontar mór. Chuir ÚSOVSKO EKO s.r.o. cóipeanna dá iarratais ar chabhair isteach don dá bhliain, lena léirítear nach raibh an cheist maidir le méid an iarratasóra ar chabhair san áireamh ach san iarratas ar chabhair don bhliain 2017. Léirigh an chuideachta gurbh fhiontar mór í.

(86) Maíonn ÚSOVSKO EKO s.r.o. go raibh cinneadh na hAireachta Talmhaíochta maidir le cabhair a tharraingt siar neamhdhleathach, toisc gur sháraigh sé go suntasach na forálacha maidir le himeachtaí riaracháin.

(87) Maíonn ÚSOVSKO EKO s.r.o. nár leagadh síos go sainráite sa bhunús dlí náisiúnta ('Prionsabail chun cabhair a dheonú' (aithris (16)) an tráth idir na blianta 2008 agus 2018 an coinníoll nach mór do thairbhithe a bheith ina FBManna. Sa bhunús dlí náisiúnta sainmhíníodh tairbhithe incháilithe mar 'fiontraithe atá ag gabháil do tháirgeadh talmhaíochta' ([32]). De réir ÚSOVSKO EKO s.r.o., níor tagraíodh sa bhunús dlí náisiúnta d'Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 ([33]) ach amháin ó bhí 2015 ann, ach gan gnóthais mhóra a eisiamh go sainráite ón ngrúpa tairbhithe incháilithe. Thairis sin, níor tháinig aon athrú ar an sainmhíniú ar na tairbhithe incháilithe.

(88) De réir ÚSOVSKO EKO s.r.o, sna blianta 2015–2017 ní raibh Aireacht Talmhaíochta na Seice ar an eolas nach bhféadfaí, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, an chabhair infheistíochta a dheonú do ghnóthais mhóra. Ní raibh an t-eisiamh sainráite le feiceáil sa bhunús dlí náisiúnta ach amháin in 2018 agus, ón mbliain sin ar aghaidh, ní dhearna USOVSKO EKO s.r.o. aon iarratas eile ar chabhair.

(89) Chuir ÚSOVSKO EKO s.r.o. an cás frithfhíorasach san áireamh san aighneacht chuig an gCoimisiún, inar tugadh míniú ar an gcás gan an chabhair. Measann an chuideachta go raibh éifeacht dreasachta ag an gcabhair agus go raibh sí comhréireach.

Barúlacha ó ÚSOVSKO AGRO s.r.o.

(90) Fuair ÚSOVSKO AGRO s.r.o. cabhair faoin dá scéim cabhrach i mí na Nollag 2017.

(91) Ina aighneacht, mhaígh ÚSOVSKO AGRO s.r.o. gur ghníomhaigh sé de mheon macánta agus gur agair sé ionchais dhlisteanacha toisc gur léirigh sé go cruinn sa dá iarratas ar chabhair a stádas mar ghnóthas mór. Chuir ÚSOVSKO AGRO s.r.o. cóipeanna dá iarratais ar chabhair isteach. Sa dá iarratas, léirigh an chuideachta gurbh fhiontar mór í.

(92) Measann ÚSOVSKO AGRO s.r.o. go bhfuil cinneadh na hAireachta Talmhaíochta maidir le cabhair a tharraingt siar neamhdhleathach, toisc go sáraíonn sé go substaintiúil na forálacha maidir le himeachtaí riaracháin.

(93) Ar aon dul leis na tairbhithe eile a chuir a mbarúlacha isteach maidir leis an gcinneadh tosaigh, d'áitigh ÚSOVSKO AGRO s.r.o. freisin nár leagadh síos go sainráite sa bhunús dlí náisiúnta ('Prionsabail maidir le cabhair a dheonú', aithris (16)), idir na blianta 2008 agus 2018, an coinníoll nach mór do thairbhithe a bheith ina FBManna. Sa bhunús dlí náisiúnta sainmhíníodh tairbhithe incháilithe mar 'fiontraithe atá ag gabháil do tháirgeadh talmhaíochta' ([34]). Ó bhí 2015 ann, tagraíodh sa bhunús dlí náisiúnta d'Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, ach gan gnóthais mhóra a eisiamh go sainráite mar thairbhithe incháilithe. Thairis sin, níor tháinig aon athrú ar an sainmhíniú ar thairbhithe incháilithe.

(94) De réir ÚSOVSKO AGRO s.r.o, sna blianta 2015–2017 ní raibh Aireacht Talmhaíochta na Seice ar an eolas nach bhféadfaí, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, an chabhair a dheonú d'fhiontair mhóra. Ní raibh an teorannú sainráite sin le feiceáil sa bhunús dlí náisiúnta ach amháin in 2018 agus, ón mbliain sin ar aghaidh, ní dhearna USOVSKO AGRO s.r.o. aon iarratas eile ar chabhair.

(95) Chuir ÚSOVSKO AGRO s.r.o. an cás frithfhíorasach san áireamh san aighneacht, ag míniú an cháis gan an chabhair. Measann an chuideachta go raibh éifeacht dreasachta ag an gcabhair agus go raibh sí comhréireach.

([32]) Acht Uimh. 513/1991 Coll., Roinn 2, níos déanaí Acht Uimh. 89/2012 Coll., Roinn 420.

([33]) Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014: 'Cabhair le haghaidh infheistíochtaí i sócmhainní inláimhsithe nó doláimhsithe ar ghabháltais talmhaíochta atá nasctha le táirgeadh talmhaíochta príomhúil'.

([34]) Acht Uimh. 513/1991 Coll., Roinn 2, níos déanaí Acht Uimh. 89/2012 Coll., Roinn 420.

Barúlacha ó SADY CZ s.r.o.

(96) Fuair SADY CZ s.r.o. cabhair faoin dá scéim cabhrach i mí na Nollag 2017.

(97) Chuir SADY CZ s.r.o. cóipeanna dá iarratais ar chabhair isteach. Thug iarratas amháin ar chabhair le fios go cruinn gurbh fhiontar mór an chuideachta. De réir an iarratais eile ar chabhair, ba fhiontar meánmhéide an chuideachta. Thug SADY CZ s.r.o. earráid riaracháin mar mhíniú ar an neamhréireacht sin agus thacaigh sé leis an míniú sin leis an sliocht ón gClár Corparáideach, a bhí i gceangal leis an dá iarratas ar chabhair, agus a léirigh gurbh fhiontar mór é.

(98) Ós rud é gur luadh méid an fhiontair go cruinn in (aon) iarratas (amháin) ar chabhair, áitíonn SADY CZ s.r.o. go raibh botún déanta ag an gCoimisiún sa chinneadh tosaigh agus é á rá gur dheonaigh údaráis na Seice 'cabhair do ghnóthais mhóra, a mheas siad a bheith ina FBManna'. De réir SADY CZ s.r.o., bhí údaráis na Seice ar an eolas, go deimhin, gur deonaíodh an chabhair do ghnóthas mór, mar cuireadh an méid sin in iúl go sainráite san iarratas ar chabhair. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh údaráis na Seice an tairbhí sin a mheas mar FBM.

(99) De réir SADY CZ s.r.o., rinne údaráis na Seice seiceáil arís agus arís eile gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le deonú na cabhrach.

(100) Luaigh SADY CZ s.r.o. san aighneacht maidir leis an gcinneadh tosaigh nár leagadh amach méid an tairbhí mar choinníoll incháilitheachta sa bhunús dlí náisiúnta ('Prionsabail chun cabhair a dheonú', aithris (16)).

(101) D'áitigh SADY CZ s.r.o. san aighneacht maidir leis an gcinneadh tosaigh go raibh éifeacht dreasachta ag an gcabhair mar sin féin agus go raibh sí comhréireach agus gur fhíoraigh údaráis na Seice an dá choinníoll sin. Mhaígh SADY CZ s.r.o. gur ullmhaigh sé, sula ndearna sé iarratas ar chabhair, doiciméad inmheánach dar dteideal *Investment intention for orchard renewal* [Rún infheistíochta le haghaidh athnuachan úlloird] ina ndearna sé measúnú ar bhrabúsacht an tionscadail agus inar chruthaigh sé éifeacht dreasachta agus comhréireacht na cabhrach (ar bhonn an ráta toraidh inmheánaigh, an ghlanluacha láithrigh, na brabúsachta innéacs, na tréimhse aisíoca). Níor cuireadh an doiciméad sin faoi bhráid an údaráis deonúcháin, áfach.Chuir SADY CZ s.r.o. an doiciméad sin san áireamh ina aighneacht chuig an gCoimisiúin. Áitíonn SADY CZ s.r.o. nach féidir pionós a chur air mar gheall ar fhaillí riaracháin údaráis na Seice.

(102) Agus tagairt á déanamh d'Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, mhol SADY CZ s.r.o. go bhféadfaí cabhair a fuarthas ar bhonn an dá scéim bhlocdhíolmhaithe a mheas mar chabhair ad- hoc arna deonú d'fhiontair mhóra ar bhonn an Airteagail a luaitear.

Barúlacha ó Lužanská Zemědělská a.s.

(103) Fuair Lužanská Zemědělská a.s. cabhair chun úlloird a athstruchtúrú sna blianta 2016 agus 2017.

(104) D'áitigh Lužanská Zemědělská a.s. nach raibh ceist san fhoirm iarratais ar chabhair in 2016 maidir le méid iarratasóra, dá bhrí sin ní fhéadfadh sé a mhéid mar fhiontar mór a chur in iúl. In 2017, bhí an cheist sin san áireamh cheana féin san fhoirm iarratais ar chabhair agus thug Lužanská Zemědělská a.s. le fios go cruinn gur ghnóthas mór é. Sa dá bhliain, chuir an chuideachta sliocht ón gClár Corparáideach isteach freisin, rud a léirigh a struchtúr úinéireachta.

(105) Ar aon dul le tríú páirtithe eile, a chuir a mbarúlacha isteach maidir leis an gcinneadh tosaigh, chuir Lužanská Zemědělská a.s. in iúl freisin nár áiríodh méid tairbhí i measc na gcoinníollacha incháilitheachta sa bhunús dlí náisiúnta ('Prionsabail maidir le cabhair a dheonú', aithris (16)). Ina theannta sin, agus tagairt á déanamh d'Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, maíonn Lužanská Zemědělská a.s. gur ceadaíodh cabhair do ghnóthais mhóra go sainráite leis an Rialachán sin. Dá bhrí sin, de réir fhoclaíocht bheacht na bPrionsabal maidir le cabhair a dheonú, ba 'fiontraí atá gníomhach i dtáirgeadh talmhaíochta' (gan teorainn bhreise a chur le méid an iarratasóra) a bhí incháilithe le haghaidh cabhrach.

(106) Dar le Lužanská Zemědělská a.s., bhí botún déanta ag an gCoimisiún sa chinneadh tosaigh agus é á rá gur dheonaigh údaráis na Seice 'cabhair d'fhiontair mhóra, a mheas siad a bheith ina FBManna'. Bhí údaráis na Seice ar an eolas, go deimhin, gur deonaíodh cabhair d'fhiontar mór, mar cuireadh méid gnó Lužanská Zemědělská a.s. in iúl go sainráite san iarratas ar chabhair don bhliain 2017, agus sa bhliain 2016 bhí sé soiléir ón sliocht a cuireadh isteach ón gClár Corparáideach.

(107) Maíonn Lužanská Zemědělská a.s. freisin, d'ainneoin gur léirigh sé a mhéid mar ghnóthas mór ar fhoirm iarratais 2017 ar chabhair agus gur cheart go mbeadh a stádas mar fhiontar mór ar eolas ag na húdaráis óna chuid doiciméad tionlacain, go hoifigiúil níorbh fhiontar mór é tráth na n-iarratas ar chabhair in 2016 agus 2017. Is é is cúis leis sin:

(a) Rinneadh cuid de Agrofert ([35]) Lužanská Zemědělská a.s. i mí Iúil 2016, agus dá bhrí sin, i gcomhréir le foclaíocht Airteagal 4(2) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, níor chaill sé a stádas FBM nuair a rinne sé iarratas ar chabhair i mí Mheán Fómhair 2016 agus ansin i mí Mheán Fómhair 2017.

(b) D'áitigh Lužanská Zemědělská a.s. ina aighneacht maidir leis an gcinneadh tosaigh nár cheart an tAirteagal sin a léirmhíniú ar neamhréir lena fhoclaíocht, toisc go mbeadh an léiriú sin ar neamhréir leis na buncheanglais maidir le deimhneacht dhlíthiúil sheolaithe dhlí an Aontais, agus, chuige sin, tagraíonn sé don bhreithiúnas i gcás C- 310/98 Met-Trans, mír 32. ([36])

(c) Ina theannta sin, d'agair Lužanská Zemědělská a.s. ionchais dhlisteanacha, ós rud é, dar leis, go raibh an chabhair comhréireach agus go raibh éifeacht dreasachta aici. De réir na cuideachta, rinne údaráis na Seice seiceáil arís agus arís eile go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le deonú na cabhrach.

(108) Athdhearbhaíonn Lužanská Zemědělská a.s. nach féidir pionós a chur air mar gheall ar mhainneachtain údaráis na Seice cás frithfhíorasach a iarraidh. Dearbhaíonn an chuideachta go raibh sí in ann a hanailís inmheánach a chur isteach sular deonaíodh an chabhair agus gur '*cur chuige an-fhoirmiúil a bheadh ann, lena dtabharfaí neamhaird iomlán ar an bhfíorchás eacnamaíoch agus, thar aon ní eile, ar an gcuspóir dá ndeonaítear an chabhair iarbhír*'.

(109) Chuir an chuideachta an anailís airgeadais agus brabúsachta ar an tionscadal infheistíochta san áireamh ina haighneacht. Tugann an Coimisiún dá aire gur cuireadh dáta an 11 Márta 2021 leis na doiciméid sin, i.e. tar éis an chabhair a dheonú agus tar éis don údarás deonúcháin na cinntí deonúcháin a chúlghairm agus don nós imeachta aisghabhála a bheith tionscanta. Tá an dáta sin i gcomhthráth leis an dáta a cuireadh isteach na barúlacha maidir leis an gcinneadh tosaigh agus níl aon léiriú ann maidir leis an uair a ullmhaíodh é iarbhír.

(110) D'áitigh Lužanská Zemědělská a.s. freisin, i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, go raibh an chabhair sin ar fáil freisin d'fhiontair mhóra mar chabhair ad hoc.

6. **BARÚLACHA NA dTRÍÚ PÁIRTITHE A THARCHUR CHUIG AN tSEICIA**

(111) I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2015/1589, chuir an Coimisiún barúlacha na dtríú páirtithe faoi bhráid na Seicia i litir dar dáta an 25 Aibreán 2022 agus d'iarr sé ar an tSeicia a barúlacha a chur isteach laistigh de mhí amháin ó dháta na litreach.

(112) D'fhreagair údaráis na Seice i litir dar dáta an 23 Bealtaine 2022 agus ansin chuir siad tuilleadh faisnéise isteach i litir dar dáta an 24 Lúnasa 2022.

(113) Sa chéad litir, dar dáta an 23 Bealtaine 2022, dheimhnigh an tSeicia go raibh na hargóintí arna gcur isteach ag na tríú páirtithe an-chosúil leis na hargóintí a thug siad chun cinn sna himeachtaí cúirte náisiúnta, imeachtaí a thionscain siad uile i gcoinne chinntí aisghabhála Aireacht Talmhaíochta na Seicia.

([35]) Fiontar mór.

([36]) Breithiúnas an 23 Márta 2000, 'Met-Trans', cásanna uamtha C-310/98 agus C-406/98, EU:C:2000:154, mír 32.

(114) D'aontaigh an tSeicia le hargóint na dtríú páirtithe gur úsáideadh an chabhair i gcomhréir lena cuspóirí, d'ainneoin gur deonaíodh í d'fhiontair mhóra a bhí neamh-incháilithe faoi na scéimeanna blocdhíolmhaithe agus tráth nár tugadh fógra faoi aon chabhair do ghnóthais mhóra.D'aontaigh údaráis na Seice freisin go raibh éifeacht dreasachta ag an gcabhair d'ainneoin nach raibh an cás frithfhíorasach ann, toisc nach ndéanfaí na hinfheistíochtaí sin gan chabhair, mar gheall ar na costais arda a bhain leo den chuid is mó. D'athdhearbhaigh údaráis na Seice freisin, d'ainneoin nach ndearnadh measúnú ar an gcás frithfhíorasach, go raibh ráta toraidh inmheánach na dtionscadal réasúnta, agus nár tháinig méadú air os cionn na ngnáthleibhéal mar thoradh ar an gcabhair.

(115) A mhéid a bhaineann le heaspa tuairiscithe an tsriain shainráite ar mhéid na dtairbhithe incháilithe sa bhunús dlí náisiúnta, d'athdhearbhaigh an tSeicia gurbh é rún agus brí an bhunúis dlí cabhair a dheonú go heisiach do FBManna. Chuige sin, sonraíodh sa bhunús dlí náisiúnta sna blianta 2016 agus 2017 gur deonaíodh an chabhair ar bhonn Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, i.e. fágann sé sin nach raibh sí ar fáil ach do FBManna. Chuir údaráis na Seice in iúl nár chuir aon cheann de na tairbhithe lena mbaineann an aisghabháil cabhrach i gcoinne an fhíorais gurbh fhiontair mhóra iad agus, dá bhrí sin, thionscain údaráis na Seice na nósanna imeachta aisghabhála.

(116) Maidir le staid na himeartha i ndáil leis na seacht n-imeacht cúirte náisiúnta, chuir údaráis na Seice in iúl, tráth na litreach sin, i gcúig chás, go raibh rialú déanta cheana féin ag an gCúirt Bhardasach i bPrág ar na héilimh agus gur dhiúltaigh sí dóibh. Tharraing beirt éilitheoirí (Sady CZ s.r.o. agus Lužanská Zemědělská a.s.) a n-éilimh siar.I gcás amháin eile (RBQ SADY s.r.o.), bhí cinneadh na Cúirte ar feitheamh.

(117) Mhínigh údaráis na Seice gur chinn an Chúirt Bhardasach i bPrág, i ngach breithiúnas a eisíodh, gur eisigh an Aireacht Talmhaíochta na cinntí aisghabhála mar ba cheart. An tráth céanna, thagair an Chúirt do § 15(3)(c) d'Acht Uimh. 218/2000 Coll. maidir le rialacha buiséadacha, mar a bhí i bhfeidhm tráth a tionscnaíodh na nósanna imeachta aisghabhála. Sonraíodh san fhoráil sin nach féidir aisíocaíocht fóirdheontais a íocadh cheana ar chuntas an tairbhí a ordú, más é is cúis leis an aisghabháil gur deonaíodh an chabhair de shárú ar dhlí an Aontais nó ar an dlí náisiúnta. Chinn an Chúirt Bhardasach i bPrág dá bhrí sin, cé go raibh sé d'oibleagáid ar an Aireacht Talmhaíochta nósanna imeachta a thionscnamh chun an chabhair a aisghabháil, go gcuirtear cosc ar an Aireacht aisghabháil éifeachtach na cabhrach sin a fhorfheidhmiú le § 15(3)(c) d'Acht Uimh. 218/2000 Coll., mar a bhí i bhfeidhm tráth a tionscnaíodh an aisghabháil.

(118) Sa litir dar dáta an 24 Lúnasa 2022, mhínigh údaráis na Seice gur leasaíodh § 15(3) d'Acht Uimh. 218/2000 Coll. ón 1 Eanáir 2022 agus gur scriosadh litir (c).

(119) D'áitigh údaráis na Seice, áfach, mar a chinn an Chúirt Bhardasach i bPrág, d'ainneoin an leasaithe, go gcoisctear le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla an chabhair a deonaíodh a aisghabháil, toisc nach féidir an leasú ar Acht Uimh. 218/2000 Coll. a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach.

7. MEASÚNÚ DLÍTHIÚIL AR AN gCABHAIR

7.1. Cabhair a bheith ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE

(120) De réir Airteagal 107(1) CFAE, '[a]ch amháin mar a bhforáiltear a mhalairt sna Conarthaí, aon chabhair a thabharfaidh Ballstát nó a thabharfar trí bhíthin acmhainní Stáit i bhfoirm ar bith, agus a bhéarfaidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe, ní luífidh sí leis an margadh inmheánach sa mhéid go dtéann sí i gcion ar an trádáil idir Ballstáit'.

(121) Ina chinneadh tosaigh ([37]), tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid gur comhlíonadh coinníollacha Airteagal 107(1) CFAE agus, dá bhrí sin, gur Státchabhair de réir bhrí an Airteagail sin a bhí i scéimeanna SA.50787 agus SA.50837 ar tugadh fógra ina leith.

(122) Níor caitheadh aon amhras ar an réamhchonclúid sin in aon cheann de na barúlacha a fuarthas ó na tríú páirtithe agus ón tSeicia. Thairis sin, thug an tSeicia féin fógra faoi na scéimeanna mar bhearta Státchabhrach.

([37]) Féach aithrisí 58 go 62 den chinneadh tosaigh.

(123) Dá bhrí sin, chun beart a cháiliú mar chabhair de réir bhrí an Airteagail sin, ní mór na coinníollacha carnacha seo a leanas a chomhlíonadh: (i) ní mór an beart a bheith inleagtha ar an Stát agus á mhaoiniú trí acmhainní Stáit; (ii) ní mór dó buntáiste a thabhairt dá fhaighteoir; (iii) ní mór an buntáiste sin a bheith roghnaíoch; agus (iv) ní mór don bheart iomaíocht a shaobhadh nó an saobhadh sin a bhagairt agus ní mór dó difear a dhéanamh do thrádáil idir na Ballstáit.

(124) Ós rud é go rialaítear na bearta cabhrach a dtugtar fógra fúthu le hacht ar ar a bhonn, gan tuilleadh bearta cur chun feidhme a bheith de dhíth (aithris (16)), a fhéadfar dámhachtainí cabhrach aonair a dhéanamh do ghnóthais a shainmhínítear sa ghníomh ar bhealach ginearálta agus teibí (Ranna 2.2.3, 2.2.4, 2.3 agus 2.4), measann an Coimisiún gur scéimeanna cabhrach iad de réir bhrí phointe (35)(4) de Threoirlínte 2014. Ní fhéadfar a mheas go bhfuil na scéimeanna comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ach amháin más féidir leo tairbhiú de cheann de na maoluithe dá bhforáiltear in CFAE (féach freisin Roinn 7.2).

(125) Tá na scéimeanna inleagtha ar an Stát toisc go bhfuil siad bunaithe ar na gníomhartha dlí ar a dtugtar tuairisc in aithris (16) agus go gcuireann údarás an Stáit chun feidhme iad (aithris (19)). Íoctar iad ó bhuiséad an Stáit, dá bhrí sin trí acmhainní Stáit (aithris (19)).

(126) Tugann na scéimeanna buntáiste dá dtairbhithe i bhfoirm deontas díreach (aithris (19)). Dá bhrí sin, maolaítear costais do na tairbhithe sin leis na scéimeanna, is costais a bheadh le híoc acu faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh.

(127) Tá na scéimeanna roghnaíoch ós rud é nach ndeonaítear cabhair ach do ghnóthais áirithe, go sonrach do ghnóthais atá gníomhach i dtáirgeadh príomhúil talmhaíochta.

(128) De bhun chásdlí na Cúirte Breithiúnais, is cosúil go ndéanann cabhair do ghnóthas difear do thrádáil idir Ballstáit i gcás ina n-oibríonn an gnóthas sin i margadh atá oscailte do thrádáil laistigh den Aontas ([38]). Oibríonn na tairbhithe cabhrach in earnáil an táirgthe phríomhúil talmhaíochta, áit a dtarlaíonn trádáil laistigh den Aontas ([39]). Dá bhrí sin, tá an earnáil sin oscailte d'iomaíocht ar leibhéal an Aontais agus, dá bhrí sin, tá sí íogair maidir le haon bheart atá i bhfabhar na táirgeachta i mBallstát amháin nó níos mó. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an scéim iomaíocht a shaobhadh agus difear a dhéanamh do thrádáil idir na Ballstáit.

(129) Dá bhrí sin, deimhníonn an Coimisiún a réamhchonclúidí atá leagtha amach in aithrisí (58) go (62) den chinneadh tosaigh agus athdhearbhaíonn sé gur Státchabhair í an chabhair a deonaíodh faoin dá scéim de réir bhrí Airteagal 107 (1) CFAE.

7.2. **Scéimeanna a bheith ann**

(130) De bhun Airteagal 1(d) de Rialachán (AE) 2015/1589, sainmhínítear 'scéim cabhrach' mar aon ghníomh ar ar a bhonn, gan tuilleadh bearta cur chun feidhme a bheith de dhíth, a fhéadfar dámhachtainí cabhrach aonair a dhéanamh do ghnóthais a shainmhínítear sa ghníomh ar bhealach ginearálta agus teibí.

(131) Ina chinneadh tosaigh ([40]), tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid freisin, maidir leis an dá bheart cabhrach SA.50787 agus SA.50837, gur scéimeanna iad araon de réir bhrí an tsainmhínithe sin agus phointe 35(4) de Threoirlínte 2014, ós rud é nár ceanglaíodh lena mbunús dlí tuilleadh beart cur chun feidhme chun an chabhair a dheonú agus gur sainaithníodh na tairbhithe ar bhealach ginearálta agus teibí. Tá feidhm ag an mbunús dlí céanna agus ag an gconclúid chéanna maidir le scéimeanna a bheith ann i leith na scéimeanna cabhrach blocdhíolmhaitheSA.46621 (2016/XA) agus SA.46972 (2016/XA), a bhí infheidhme an tráth sin in 2016 agus 2017, nuair a deonaíodh an chabhair do ghnóthais mhóra go neamhdhleathach.

(132) Maidir le cáilíochtaí na mbeart cabhrach mar scéimeanna, d'áitigh dhá thríú páirtí - SADY CZ s.r.o. (aithris (102)) agus Lužanská Zemědělská a.s. (aithris (110)) gur chabhair *ad hoc* an chabhair a deonaíodh dóibh de bhun Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014.

(133) Maidir leis an argóint sin, meabhraíonn an Coimisiún ar dtús an sainmhíniú ar chabhair *ad hoc*. De bhun Airteagal 2(13) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, ciallaíonn 'cabhair *ad hoc*' cabhair nach ndeonaítear ar bhonn scéim cabhrach.

([38]) Féach go háirithe breithiúnas an 13 Iúil 1988, *Poblacht na Fraince v Coimisiún na gComhphobal Eorpach*, C-102/87, EU:C:1988:391.
([39]) In 2022, b'ionann trádáil agraibhia an Aontais agus EUR 401,5 billiún san iomlán le linn na bliana (Foinse: Eurostat).
([40]) Féach aithris 63 den chinneadh tosaigh.

(134) Sa chás seo, áfach, tugann an Coimisiún dá aire gur deonaíodh an chabhair a fuair SADY CZ s.r.o. agus Lužanská Zemědělská a.s. ar bhonn rialacha náisiúnta an chláir fóirdheontais (an bunús dlí a luaitear in aithris (16)) gan tuilleadh bearta cur chun feidhme a bheith de dhíth. Go deimhin, deonaíodh an chabhair do ghnóthais mhóra go hearráideach i gcomhthéacs na scéimeanna blocdhíolmhaithe, nach raibh ar fáil i ndáiríre ach do FBManna. Níor tugadh fógra don Choimisiún faoi aon chabhair *ad hoc* aonair do ghnóthais mhóra sular deonaíodh an chabhair do na tairbhithe sin. Is é an t-aon fhógra a bhain le gnóthais mhóra an fógra a thug an tSeicia faoi scéimeanna SA.50787 agus SA.50837, tar éis dheonú na cabhrach do ghnóthais mhóra. Bunaíodh an chabhair do na gnóthais mhóra in 2016 agus 2017 freisin ar an mbunús dlí náisiúnta céanna a raibh feidhm aige maidir leis na scéimeanna blocdhíolmhaithe agus a cuireadh in iúl níos déanaí freisin san fhógra faoi scéimeanna SA.50787 agus SA.50837. Is é sin le rá, an chabhair faoi na scéimeanna sin ar tugadh fógra fúthu, cuireadh chun feidhme í roimhe seo, ach níor tugadh fógra don Choimisiún faoi aon chabhair ná scéim *ad hoc* sular cuireadh chun feidhme iad agus níor cumhdaíodh iad ach oiread le Rialachán blocdhíolúine (AE) Uimh. 702/2014 ar na cúiseanna a leagtar amach thíos (aithrisí (138) go (164)).

(135) Leis an mbunús dlí náisiúnta, soláthraítear eilimintí riachtanacha na cabhrach (costas incháilithe agus déine cabhrach) agus sainmhínítear leis na tairbhithe ar bhealach teibí agus ginearálta. Ar an mbonn sin, dheonaigh údaráis na Seice cabhair do na tairbhithe gan aon chorrlach lánroghnach a ligfeadh dóibh tionchar a imirt ar ghnéithe riachtanacha na cabhrach agus ar na coinníollacha faoinar deonaíodh í. I bhfianaise an mhínithe a chuir údaráis na Seice isteach (aithris (68)), measann an Coimisiún, maidir le cabhair a deonaíodh d'fhiontair mhóra ar bhonn na scéimeanna blocdhíolmhaithe, gur tharla sé de thoradh earráid riaracháin, seachas feidhmiú aon chumhachta lánroghnaí.

(136) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin maidir leis an gcabhair a deonaíodh go neamhdhleathach do na gnóthais mhóra sular tugadh fógra faoi scéimeanna SA.50787 agus SA.50837, ach i gcomhréir lena mbunús dlí agus ar théarmaí comhionanna leis an gcabhair a deonaíodh do FBManna faoin mbunús dlí sin, gur deonaíodh í i gcomhthéacs dhá scéim cabhrach de réir bhrí Airteagal 1(d) de Rialachán (AE) 2015/1589. Dá thoradh sin, ní ghlacann an Coimisiún le hargóint SADY CZ s.r.o. agus Lužanská Zemědělská a.s. go bhféadfadh gur cabhair *ad hoc* de bhun Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 (féach freisin aithrisí (142) go (164)) an chabhair a deonaíodh dóibh.

(137) In aon chás, ní féidir leis an gCoimisiún glacadh leis gur chabhair chomhoiriúnach í cabhair *ad hoc* nach gcomhlíonann coinníollacha comhoiriúnachta uile Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 ón gCoimisiún (féach aithrisí (149) go (161)).

7.3. **Aicmiú na scéimeanna mar scéimeanna neamhdhleathacha**

(138) Ina chinneadh tosaigh, mheas an Coimisiún gur deonaíodh an chabhair d'fhiontair mhóra gan fógra a thabhairt don Choimisiún fúithi roimh ré de bhun Airteagal 108(3) CFAE. ([41]) An tráth céanna, ní fhéadfaí a chinneadh gur chomhoiriúnach an chabhair a deonaíodh do ghnóthais mhóra faoi na scéimeanna blocdhíolmhaithe, ós rud é nach raibh feidhm ag Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 ach amháin maidir le FBManna. Dá bhrí sin, ba é réamhthuairim an Choimisiúin gur chabhair nua í an chabhair sin do ghnóthais mhóra, rud a bhí neamhdhleathach de réir bhrí Airteagal 1(f) de Rialachán (AE) 2015/1589.

(139) Ina n-aighneachtaí chuig an gcinneadh tosaigh, dheimhnigh an tSeicia agus na tríú páirtithe araon gur deonaíodh an chabhair do roinnt fiontair mhóra roimh na dátaí a tugadh fógraí faoi scéimeanna cabhrach SA.50787 agus SA.50837 don Choimisiún.

(140) Meabhraíonn an Coimisiún gur mhol dhá thríú páirtí - SADY CZ s.r.o. (aithris (102)) agus Lužanská Zemědělská a.s. (aithris (110)) gur chabhair *ad hoc* an chabhair a deonaíodh dóibh de bhun Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014. Dá réir sin, dar leo, ní cháileodh an chabhair sin mar chabhair neamhdhleathach, ós rud é gur foilsíodh na scéimeanna blocdhíolmhaithe i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 702/2014.

([41]) Féach aithrisí 64-65 den chinneadh tosaigh.

(141) Chun anailís a dhéanamh ar an maíomh sin, tagraíonn an Coimisiún d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 inar leagadh síos na coinníollacha maidir le cabhair a dhíolmhú ón gceanglas fógra atá in Airteagal 108(3) CFAE. Sonraíodh san Airteagal sin go raibh scéimeanna cabhrach, cabhair aonair a deonaíodh faoi scéimeanna cabhrach agus cabhair *ad hoc* comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 107(2) nó (3) den Chonradh agus go raibh siad díolmhaithe ó cheanglas fógra Airteagal 108(3) den Chonradh ar choinníoll gur chomhlíon an chabhair sin na coinníollacha uile a leagtar síos i gCaibidil I den Rialachán sin, chomh maith leis na coinníollacha sonracha don chatagóir ábhartha cabhrach a leagtar síos i gCaibidil III den Rialachán sin.

(142) Dá bhrí sin, déanann an Coimisiún measúnú an bhféadfaí an chabhair a deonaíodh do SADY CZ s.r.o. agus Lužanská Zemědělská a.s. agus, dá réir sin, d'fhiontair mhóra eile freisin, a mheas mar chabhair *ad hoc* ar bhonn Airteagail 1 agus 6 de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014.

7.3.1. *Raon feidhme na dtairbhithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 702/2014*

(143) In Airteagal 1 de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, leagtar amach raon feidhme an Rialacháin sin.

(144) De bhun mhír 1(a)(i) d'Airteagal 1 de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, bhí feidhm ag an Rialachán sin maidir le cabhair i bhfabhar micrifhiontar agus fiontar beag agus meánmhéide (FBManna) atá gníomhach san earnáil talmhaíochta, eadhon táirgeadh príomhúil talmhaíochta, próiseáil táirgí talmhaíochta agus táirgí talmhaíochta a mhargú, cé is moite d'Airteagail 14, 15, 16, 18 agus 23 agus Airteagail 25 go 28 nach raibh feidhm acu ach amháin maidir le FBManna atá gníomhach sa táirgeadh príomhúil talmhaíochta.

(145) Meabhraíonn an Coimisiún gur leagadh síos le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 na coinníollacha cabhrach i bhfabhar infheistíochtaí atá nasctha le táirgeadh príomhúil talmhaíochta agus, dá bhrí sin, gurbh é sin an bunús dlí le haghaidh an dá scéim blocdhíolmhaithe SA.46621 (2016/XA) agus SA.46972 (2016/XA). Mar a tugadh faoi deara thuas (aithris (134)), dheonaigh údaráis na Seice an chabhair do ghnóthais mhóra go hearráideach i gcomhthéacs na scéimeanna blocdhíolmhaithe, nach raibh ar oscailt i ndáiríre ach do FBManna. Bunaíodh an chabhair do na gnóthais mhóra in 2016 agus 2017 freisin ar an mbunús dlí náisiúnta céanna a raibh feidhm aige maidir leis na scéimeanna blocdhíolmhaithe agus a cuireadh in iúl níos déanaí freisin san fhógra faoi scéimeanna SA.50787 agus SA.50837. Is é sin le rá, an chabhair faoi na scéimeanna sin ar tugadh fógra fúthu, cuireadh chun feidhme í roimhe seo, ach níor tugadh fógra don Choimisiún faoi aon chabhair ná scéim *ad hoc* sular cuireadh chun feidhme iad agus níor cumhdaíodh iad ach oiread le Rialachán blocdhíolúine (AE) Uimh. 702/2014 ar na cúiseanna a leagtar amach thíos.

(146) De bhun míreanna (b) go (e) de Airteagal 1, de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, d'fhéadfaí na catagóirí cabhrach seo a leanas a dheonú do gach fiontar, gan teorainn na méide a chur i bhfeidhm:

'(b) cabhair le haghaidh infheistíochtaí do chaomhnú na hoidhreachta cultúrtha agus nádúrtha atá suite ar ghabháltais talmhaíochta;

(c) cabhair i bhfabhar an damáiste a tharlaíonn de dheasca tubaistí nádúrtha in earnáil na talmhaíochta a shlánú;

(d) cabhair le haghaidh taighde agus forbartha in earnáil na talmhaíochta agus in earnáil na foraoiseachta;

(e) cabhair i bhfabhar na foraoiseachta.'

(147) A mhéid a bhaineann le catagóirí cabhrach eile a áirítear i Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, ní dhearnadh foráil in Airteagal 1, mír 1(a)(i) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 maidir le haon mhaolú ar an srian ar chabhair a theorannú do FBManna faoi Airteagail 14, 15, 16, 18, 23 agus Airteagail 25 go 28.

(148) Fágann sé sin nach raibh ach na catagóirí cabhrach a liostaítear in Airteagal 1, míreanna (b) go (e) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 ar fáil d'fhiontair mhóra, ar bhonn na scéime blocdhíolmhaithe nó mar chabhair *ad hoc*. Gach cineál eile cabhrach a chumhdaítear le raon feidhme an Rialacháin sin, lena n-áirítear Airteagal 14, ní raibh sí le deonú ach amháin do FBManna. Is leor sin ann féin chun diúltú don mhaíomh an chabhair do na fiontair mhóra a chatagóiriú mar chabhair *ad hoc* faoi Rialachán (AE) Uimh. 702/2014.

(149) Ina theannta sin, meabhraíonn an Coimisiún, de bhun Airteagal (3) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, go mbeidh scéimeanna cabhrach, cabhair aonair a dheonaítear faoi scéimeanna cabhrach agus cabhair *ad hoc* comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 107(2) nó (3) den Chonradh agus go ndíolmhófar iad ó cheanglas fógra Airteagal 108(3) den Chonradh ar choinníoll go gcomhlíonann an chabhair sin na coinníollacha uile is infheidhme a leagtar síos sa Rialachán sin.

(150) De bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, ní raibh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 ach amháin maidir le cabhair a raibh éifeacht dreasachta aici.

(151) De bhun Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, measadh go raibh éifeacht dreasachta ag cabhair má chuir an tairbhí iarratas i scríbhinn ar an gcabhair faoi bhráid an Bhallstáit lena mbaineann sular cuireadh tús leis an obair ar an tionscadal nó ar an ngníomhaíocht.

(152) Sa chinneadh tosaigh, níor cheistigh an Coimisiún gur cuireadh na hiarratais ar chabhair isteach i gceart, agus deimhníodh leis an imscrúdú gur comhlíonadh an coinníoll sin agus nár deonaíodh aon chabhair gan an t-iarratas ar chabhair roimh an deonú sin.

(153) De bhun Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, measadh go raibh éifeacht dreasachta ag cabhair *ad hoc* a deonaíodh d'fhiontair mhóra más rud é, sa bhreis ar a áirithiú gur comhlíonadh an coinníoll a leagtar síos i mír 2 [den Airteagal sin], gur fhíoraigh an Ballstát, sular deonaíodh an chabhair *ad hoc* lena mbaineann, gur suíodh leis an doiciméadacht a d'ullmhaigh an tairbhí go mbeadh mar thoradh ar an gcabhair ceann amháin nó níos mó de na cásanna a liostaítear i míreanna (a) go (d) de mhír 3 den Airteagal sin.

(154) De bhun aithris (24) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, a mhéid a bhaineann le haon chabhair *ad hoc* a chumhdaítear leis an Rialachán sin agus a deonaíodh do thairbhí is fiontar mór, bhí ar an mBallstát a áirithiú, sa bhreis ar na coinníollacha maidir leis an éifeacht dreasachta is infheidhme i leith FBManna, go ndearna an tairbhí anailís, i ndoiciméad inmheánach roimh an iarratas ar chabhair, ar inmharthanacht an tionscadail nó na gníomhaíochta dá dtugtar cabhair, le cabhair agus gan chabhair. Bhí ar an mBallstát a fhíorú gur deimhníodh leis an doiciméad inmheánach sin méadú suntasach ar raon feidhme an tionscadail nó na gníomhaíochta, méadú suntasach ar an méid iomlán a chaith an tairbhí ar an tionscadal nó ar an ngníomhaíocht dá dtugtar cabhair nó méadú suntasach ar luas chur i gcrích an tionscadail nó na gníomhaíochta lena mbaineann. Ba cheart é a bheith indéanta freisin an éifeacht dreasachta a shuí ar an mbonn nach ndéanfaí an tionscadal infheistíochta nó an ghníomhaíocht amhlaidh sa limistéar tuaithe lena mbaineann in éagmais na cabhrach.

(155) I dtuairim an Choimisiúin, bhí an doiciméad a dtugtar tuairisc air in aithris (24) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 agus a iarradh de bhun Airteagal 6(3) den Rialachán sin, go bunúsach, coibhéiseach leis an gcás frithfhíorasach. Thairis sin, amhail an cás frithfhíorasach, bhí sé d'oibleagáid ar an mBallstát a fhíorú, sular deonaíodh an chabhair *ad hoc*, gur suíodh leis an doiciméadacht a d'ullmhaigh an tairbhí go mbeadh mar thoradh ar an gcabhair ceann amháin nó níos mó de na cásanna a liostaítear i míreanna (a) go (d) de mhír 3 den Airteagal sin.

(156) Sa chinneadh tosaigh, chuir an Coimisiún a amhras in iúl gur chuir tairbhithe, ar ghnóthais mhóra iad tráth deonaithe na cabhrach, an cás frithfhíorasach isteach. ([42])

(157) Le linn an imscrúdaithe, níor chuir údaráis na Seice faisnéis ar fáil a léireodh go ndearna siad fíordheimhniú, sular deonaíodh an chabhair, gur suíodh leis an doiciméadacht sin a d'ullmhaigh an tairbhí gur chomhlíon an chabhair na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 6(3), míreanna (a) go (d) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014. Ina ionad sin, leis an míniú a thug údaráis na Seice roimhe seo gur deonaíodh an chabhair do roinnt fiontar mór toisc gur measadh go hearráideach gur FBManna iad, deimhnítear, dar leis an gCoimisiún, nár cuireadh na coinníollacha a bhaineann go sonrach le cabhair d'fhiontair mhóra i bhfeidhm sa chás seo.

([42]) Féach aithris (115) den chinneadh tosaigh.

(158) Níor shonraigh SADY CZ s.r.o. agus Lužanská Zemědělská a.s., an dá thairbhí a d'agair argóint na cabhrach *ad hoc* de bhun Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, ar chuir siad isteach na doiciméid inmheánacha a cheanglaítear de bhun Airteagal 6(3) den Rialachán sin chun go ndéanfadh na húdaráis náisiúnta measúnú *ex ante* orthu. Chuir siad araon cóipeanna dá n-iarratais ar chabhair faoi bhráid an Choimisiúin, áfach, rud a fhágann go bhféadfar teacht ar an gconclúid nach raibh doiciméadacht den sórt sin san áireamh sna hiarratais ar chabhair. Baineann an rud céanna le gach fiontar mór eile a chuir barúlacha isteach maidir leis an gcinneadh tosaigh. Níor shonraigh údaráis na Seice ina n-aighneacht cé acu a fuair nó nach bhfuair siad na doiciméid inmheánacha a cheanglaítear de bhun Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 don mheasúnú *ex ante*. Rinne siad iad féin a theorannú don tuairim gur chomhlíon an chabhair a deonaíodh d'fhiontair mhóra an critéar maidir le héifeacht dreasachta agus go raibh sí comhréireach (aithrisí (71) go (74)). Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin nár fhíoraigh údaráis an Bhallstáit *ex ante* gur comhlíonadh Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014.

(159) De bhun Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, de mhaolú ar mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal sin, measadh go raibh éifeacht dreasachta ag bearta i bhfoirm buntáistí cánach, ar choinníoll gur comhlíonadh na coinníollacha atá leagtha amach sa mhír sin. Deonaíodh an chabhair faoin imscrúdú mar dheontas díreach agus ní mar bhuntáiste cánach. Dá bhrí sin, ní raibh feidhm ag an maolú sin.

(160) Níor chuir ceachtar acu an maolú ó éifeacht dreasachta a leagtar amach in Airteagal 6(5) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 i bhfeidhm, inar liostaíodh na catagóirí cabhrach nár ghá éifeacht dreasachta a bheith acu nó a measadh éifeacht dreasachta a bheith acu.Níor cumhdaíodh an chabhair i bhfabhar infheistíochtaí leis an maolú sin.

(161) Ar an bhforas sin, is é conclúid an Choimisiúin nár comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 agus, dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal (3) den Rialachán sin, nach bhféadfadh feidhm a bheith ag Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 maidir leis an gcabhair sin.

(162) Dá réir sin, ní ghlacann an Coimisiún le hargóint SADY CZ s.r.o. agus Lužanská Zemědělská a.s. gur chabhair *ad hoc* de bhun Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 an chabhair a deonaíodh dóibh (nó d'fhiontair mhóra eile).

7.3.2. *Conclúid*

(163) Ós rud é nár chomhlíon an chabhair sin na coinníollacha uile a leagtar síos i gCaibidil I de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, i gcomhréir le hAirteagal 3 den Rialachán sin ([43]), ní fhéadfaí í a dhíolmhú ó cheanglas fógra Airteagal 108(3) CFAE.

(164) Is é conclúid an Choimisiúin nár chomhlíon údaráis na Seice a n-oibleagáid a leagtar amach in Airteagal 108(3) CFAE toisc gur dheonaigh siad an chabhair infheistíochta do roinnt tairbhithe sular tugadh fógra don Choimisiún fúithi agus sular fhormheas sé í. Áitíonn an Coimisiún, dá bhrí sin, nach mór an chabhair sin a mheas mar chabhair neamhdhleathach de réir bhrí Airteagal 1(f) de Rialachán (AE) Uimh. 2015/1589.

7.4. **Comhoiriúnacht na cabhrach leis an margadh inmheánach**

(165) Faoi Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE, féadfar a mheas go bhfuil cabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach má chinntear go n-éascaítear léi forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe nó limistéar eacnamaíoch áirithe, i gcás nach ndéanann an chabhair sin difear díobhálach do dhálaí trádála an oiread go mbeadh dochar ann don leas comhchoiteann.

(166) Ina chinneadh tosaigh, rinne an Coimisiún scrúdú mionsonraithe ar chomhoiriúnacht an dá scéim SA.50787 agus SA.50837 (lena n-áirítear an chabhair a cuireadh chun feidhme cheana féin maidir le fiontair mhóra) le ([44])rialacha an Aontais maidir le Státchabhair a bhí infheidhme an tráth sin. Sa chás atá idir lámha, ba iad sin Cuid I. ('Prionsabail mheasúnaithe choiteanna') agus Cuid II., Roinn 1.1.1.1. ('Cabhair le haghaidh infheistíocht i sócmhainní inláimhsithe agus i sócmhainní doláimhsithe ar ghabháltais talmhaíochta atá nasctha le táirgeadh príomhúil talmhaíochta') de Threoirlínte 2014, a bhí i bhfeidhm tráth a deonaíodh an chabhair ([45]) d'fhiontair mhóra.

([43]) Féach freisin breithiúnas an 5 Márta 2019, *Eesti Pagar*, C-349/17, EU:C:2019:172, mír 59.
([44]) Féach aithrisí (70) go (89) den chinneadh tosaigh.
([45]) Féach aithris (69) den chinneadh tosaigh.

(167) Maidir le comhoiriúnacht na scéimeanna leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos le haghaidh na cabhrach infheistíochta i Roinn 1.1.1.1. de Threoirlínte 2014, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ar réamhbhonn gur chomhlíon an dá scéim (lena n-áirítear an chabhair a cuireadh chun feidhme cheana féin d'fhiontair mhóra) na coinníollacha sin.

(168) Maidir leis an measúnú ar chomhoiriúnacht na scéimeanna leis na comhphrionsabail mheasúnaithe faoi Airteagal 107(3) CFAE, a leagtar amach i gCuid I de Threoirlínte 2014, tháinig an Coimisiún ar réamhchonclúidí éagsúla maidir leis an gcabhair a deonaíodh sular tugadh fógra fúithi agus maidir leis an gcabhair nach raibh le deonú go dtí gur formheasadh í agus gur tugadh fógra faoi chinneadh an Choimisiúin don tSeicia.

(169) Cé gur deimhníodh sa réamhthuairim ón gCoimisiún gur chomhlíon an chabhair dheireanach sin na prionsabail mheasúnaithe choiteanna ([46]), níor thángthas ar an gconclúid chéanna maidir le cabhair a deonaíodh cheana féin d'fhiontair mhóra sular tugadh fógra fúithi. Go sonrach, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le cé acu a bhí nó nach raibh an chabhair sin comhréireach agus chuir sé an éifeacht dreasachta i láthair ([47]).

(170) Meabhraíonn an Coimisiún go raibh amhras ann an ndearna na fiontair mhóra – a fuair cabhair go hearráideach i gcomhthéacs na scéimeanna blocdhíolmhaithe agus a chuir scéimeanna SA.50787 agus SA.50837 chun feidhme go bunúsach sular tugadh fógra fúthu - an cás frithfhíorasach a chur isteach agus ar chomhlíon an chabhair sin a deonaíodh an cur chuige glanchostas breise a leagtar amach i bpointí (95) go (97) de Threoirlínte 2014.Rinne an Coimisiún amach gurb amhlaidh, in éagmais an cháis fhrithfhíorasaigh is dócha, nach bhféadfadh údaráis na Seice a fhionnadh go raibh na méideanna cabhrach comhréireach agus gur chomhfhreagair siad do na glanchostais bhreise a bhain leis an infheistíocht a chur chun feidhme sa réimse lena mbaineann, trína cur i gcomparáid leis an gcás gan chabhair.

(171) Meabhraíonn an Coimisiún gur léirigh na tairbhithe uile a chuir a mbarúlacha isteach maidir leis an gcinneadh tosaigh i gceann amháin ar a laghad dá n-iarratais ar chabhair in 2016 agus 2017 a stádas mar ghnóthas mór agus ní mar FBM tráth deonaithe na cabhrach. In aon chás, bhí a stádas mar fhiontair mhóra le feiceáil ó na doiciméid a cuireadh isteach a bhí ag gabháil leis na hiarratais ar chabhair.

(172) Na tairbhithe uile a chuir a mbarúlacha isteach maidir leis an gcinneadh tosaigh, dheimhnigh siad freisin nár iarr údaráis na Seice an cás frithfhíorasach d'ainneoin gur léirigh siad sna hiarratais ar chabhair nó sa doiciméadacht a bhí ag gabháil leo go raibh fiontair mhóra ann.

(173) Na tairbhithe uile a chuir a mbarúlacha isteach maidir leis an gcinneadh tosaigh (aithrisí (76) go (110)), mhaígh siad go raibh éifeacht dreasachta ag an gcabhair d'ainneoin easpa an cháis fhrithfhíorasaigh agus a fhíoraithe ag údaráis na Seice. Chuir an chuid is mó díobh an cás frithfhíorasach sin san áireamh san ábhar a chuir siad faoi bhráid an Choimisiúin. Thacaigh údaráis na Seice leis an tuairim sin ó na tairbhithe a chuir a mbarúlacha isteach maidir leis an gcinneadh tosaigh (aithris (71)).

(174) Déanann an Coimisiún measúnú ar na hargóintí maidir le héifeacht dreasachta a bheith ann i bhfianaise na bpointí ábhartha i Roinn 3.4. de Chuid I de Threoirlínte 2014.

(175) De bhun phointe (70) de Threoirlínte 2014, níor léiríodh leis an gcabhair an dreasacht don tairbhí i gcás ina raibh tús curtha cheana féin leis an obair ar an tionscadal nó ar an ngníomhaíocht ábhartha sula ndearnadh an t-iarratas ar chabhair ón tairbhí chuig na húdaráis náisiúnta.

(176) De bhun phointe (72) de Threoirlínte 2014, anuas ar fhaisnéis a leagtar amach i bpointe (71) de na Treoirlínte sin, níor mhór d'fhiontair mhóra tuairisc a thabhairt san iarratas ar chabhair ar an gcás gan an chabhair, dá ngairtear an cás frithfhíorasach nó an tionscadal nó an ghníomhaíocht mhalartach, agus fianaise dhoiciméadach a chur isteach chun tacú leis an gcás frithfhíorasach ar tugadh tuairisc air san iarratas.

(177) Thairis sin, de bhun phointe (73) de Threoirlínte 2014, agus an t-iarratas ar chabhair á fháil, níor mhór don údarás deonúcháin seiceáil inchreidteachta a dhéanamh ar an gcás frithfhíorasach agus a dheimhniú go raibh an éifeacht dreasachta ba ghá ag an gcabhair.

([46]) Féach aithris (102) den chinneadh tosaigh.
([47]) Féach aithrisí 116 agus 122 den chinneadh tosaigh.

(178) Deimhnítear leis na cóipeanna de na hiarratais ar chabhair agus leis an doiciméadacht a ghabhann leo agus a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin gur chuir na tairbhithe is fiontair mhóra a chuir a mbarúlacha isteach maidir leis an gcinneadh tosaigh na hiarratais ar chabhair isteach sular deonaíodh an chabhair dóibh.

(179) Mar sin féin, deimhníodh gan amhras leis an imscrúdú nach raibh an cás frithfhíorasach san áireamh in aon cheann de na hiarratais ar chabhair ó fhiontair mhóra. Dá bhrí sin, níor sheiceáil údaráis na Seice ná níor dheimhnigh siad go raibh éifeacht dreasachta ag an gcabhair d'fhiontair mhóra sular deonaíodh an chabhair d'fhiontair mhóra.

(180) Eascraíonn sé as pointí (72) agus (73) de Threoirlínte 2014 nár mhór an dá choinníoll a chomhlíonadh sula ndeonófaí an chabhair, i.e. níor mhór don iarratasóir ar chabhair tuairisc a thabhairt ar an gcás gan an chabhair san iarratas ar chabhair agus níor mhór don údarás deonúcháin é a fhíorú sula ndeonófaí an chabhair. Mura gcomhlíontar an dá choinníoll sin, is cur i gcás atá san éifeacht dreasachta agus ní rud é a bhfuil cruthúnas air.

(181) Cuireann an Coimisiún i dtábhacht nach bhféadfar glacadh le héifeacht dreasachta na cabhrach ach nach mór don iarratasóir ar chabhair í a léiriú agus nach mór don údarás deonúcháin í a dheimhniú sula ndeonaítear an chabhair. Thairis sin, ceanglaíodh le pointe (72) de Threoirlínte 2014 go dtabharfaí tuairisc ar an gcás frithfhíorasach san iarratas ar chabhair. Ní dhearnadh foráil sa phointe sin ná in aon phointe eile de Threoirlínte 2014 maidir le haon léiriú malartach ar an gcás frithfhíorasach. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gCoimisiún glacadh leis na cásanna frithfhíorasacha *ex-post* a chuir na tairbhithe is fiontair mhóra isteach lena mbarúlacha maidir leis an gcinneadh tosaigh, ná measúnú a dhéanamh orthu.

(182) Dá réir sin, deimhnítear an réamhthuairim nár léiríodh éifeacht dreasachta leis an gcabhair.

(183) Maidir leis an gcritéar comhréireachta, meabhraíonn an Coimisiún na rialacha a raibh feidhm acu maidir leis an gcabhair atá i gceist tráth a deonaithe d'fhiontair mhóra:

(184) De bhun phointe (95) de Threoirlínte 2014, i gcás cabhair infheistíochta arna deonú d'fhiontair mhóra faoi na scéimeanna cabhrach ar tugadh fógra fúthu, níor mhór do na Ballstáit a áirithiú nach mó an méid cabhrach ná an íosmhéid ar bhonn 'cur chuige glanchostais bhreise'.

(185) De bhun phointe (97) de Threoirlínte 2014, níor mhór don Bhallstát a áirithiú gur chomhfhreagair an méid cabhrach do na glanchostais bhreise a bhain leis an infheistíocht a chur chun feidhme sa réimse lena mbaineann, i gcomparáid leis an gcás frithfhíorasach in éagmais na cabhrach. Chuige sin, níor mhór an modh dá bhforáiltear i bpointe (96) de na Treoirlínte sin a úsáid mar aon le huasleibhéil cabhrach ina dteorainn. Thairis sin, ní fhéadfadh an méid cabhrach a bheith níos mó ná an t-íosmhéid ba ghá chun go mbeadh an tionscadal sách brabúsach, mar shampla, ní fhéadfadh méadú ar a ráta toraidh infheistíochta ('IRR') a bheith mar thoradh air thar na gnáthrátaí toraidh a chuireann an gnóthas lena mbaineann i bhfeidhm i dtionscadail infheistíochta eile de chineál comhchosúil nó, mura raibh na rátaí sin ar fáil, méadú ar a IRR thar chostas chaipiteal an ghnóthais ina iomláine nó thar na rátaí toraidh a bhreathnaítear de ghnáth san earnáil lena mbaineann.

(186) Ar an gcaoi chéanna, ceanglaíodh leis na rialacha thuas maidir le comhréireacht na cabhrach go ndéanfaí an critéar sin a sheiceáil agus a dheimhniú sula ndeonófaí an chabhair d'fhiontair mhóra.

(187) Sa chinneadh tosaigh, chuir an Coimisiún a amhras in iúl maidir leis an gcabhair a deonaíodh d'fhiontair mhóra sular fhormheas an Coimisiún í, gur chomhlíon an chabhair sin an cur chuige glanchostais bhreise de bhun phointí (95) go (97) de Threoirlínte 2014 ([48]).I ndáil leis sin, chuir an Coimisiún in iúl, in éagmais dhóchúil an cháis fhrithfhíorasaigh (ag an staid sin), nach bhféadfadh údaráis na Seice a áirithiú go gcomhfhreagródh na méideanna cabhrach do na glanchostais bhreise a bhain leis an infheistíocht a chur chun feidhme sa limistéar lena mbaineann, trína chur i gcomparáid leis an gcás gan chabhair.

(188) Deimhníodh san imscrúdú nár chuir na fiontair mhóra an cás frithfhíorasach isteach, in éineacht leis an iarratas ar chabhair. Dá bhrí sin, ní raibh an fhaisnéis a bhí ar fáil ag údaráis na Seice a ligfeadh dóibh a sheiceáil agus a dheimhniú gur chomhlíon an chabhair an cur chuige glanchostais bhreise de bhun phointí (95) go (97) de Threoirlínte 2014.Tugann an Coimisiún le fios nach ndearnadh foráil sna pointí (95) go (97) de Threoirlínte 2014 a luadh, ná in aon phointe eile de na Treoirlínte sin maidir le léiriú malartach ar an gcur chuige glanchostais bhreise. Dá bhrí sin, dearbhaítear an réamhamhras nár fionnadh comhréireacht na cabhrach a deonaíodh d'fhiontair mhóra.

([48]) Féach aithris (133) den chinneadh tosaigh.

(189) Measann an Coimisiún dá bhrí sin nach bhféadfar a mheas go bhfuil an chabhair a deonaíodh do na fiontair mhóra roimh an dáta a tugadh fógra faoi scéimeanna cabhrach SA.50787 agus SA.50837 comhoiriúnach leis an margadh inmheánach faoin maolú dá bhforáiltear in Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE, ós rud é nár chomhlíon an chabhair sin na coinníollacha maidir le héifeacht dreasachta agus comhréireacht a bheith ann mar a leagtar amach sna forálacha is infheidhme de Threoirlínte 2014.

(190) Maíonn ceann de na tairbhithe cabhrach (i.e. Lužanská Zemědělská a.s.) ina bharúlacha maidir leis an gcinneadh tosaigh, d'ainneoin gur léirigh sé a mhéid mar ghnóthas mór ar fhoirm iarratais 2017 ar chabhair agus gur cheart go mbeadh a stádas mar fhiontar mór ar eolas ag na húdaráis óna dhoiciméid tionlacain, nárbh fhiontar mór é sa bhrí fhoirmiúil tráth a deonaíodh an chabhair sna blianta 2016 agus 2017 agus dá bhrí sin go raibh an chabhair a deonaíodh comhoiriúnach faoi Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 (aithris (107)). Áitíonn an chuideachta gur tháinig sí chun bheith ina cuid de Agrofert (fiontar mór) i mí Iúil 2016 agus, dá bhrí sin, i gcomhréir le foclaíocht Airteagal 4(2) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, níor chaill sí a stádas FBM go ceann dhá bhliain, i.e. nuair a rinne sí iarratas ar chabhair i mí Mheán Fómhair 2016 agus ansin i mí Mheán Fómhair 2017.

(191) Luann an Coimisiún ag an tús go bhfuil Lužanská Zemědělská ag teacht salach ar a iarratais féin ar chabhair in 2016 agus 2017 inar cuireadh in iúl go sainráite gur ghnóthas mór é nó gur cheart, ar a laghad, go mbeadh a stádas mar fhiontar mór ar eolas ag na húdaráis ó na doiciméid a bhí ag gabháil leis. Ar an mbonn sin cheana féin, ní inchreidte ná inghlactha an t-athrú *ex-post* ar sheasamh an ghnóthais. Mar a d'áitigh an tSeicia, deonaíodh an chabhair d'fhiontair mhóra de dhearmad (aithris (68)) agus ina hathbhreithniú *ex-post* níor mheas sí gur FBM é Lužanská Zemědělská a.s. ([49]).

In aon chás, cuireann an Coimisiún in iúl freisin nach bhfuil an léirmhíniú sin ar Airteagal 4(2) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, mar a mhol Lužanská Zemědělská, i gcomhréir le léirmhíniú Chúirteanna an Aontais ar an sainmhíniú ar FBM, atá bunaithe ar phrionsabal *effet utile*. Mhínigh an Coimisiún a léirmhíniú ar Airteagal 4(2) agus ar shainmhíniú FBM sa chinneadh tosaigh ([50]) (mar a mheabhraítear in aithrisí (54) go (60)). Seasann an réasúnaíocht sin agus níor chuir Poblacht na Seice ná aon cheann de na tríú páirtithe ina coinne.

(192) Sa chinneadh tosaigh ([51]), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go mbeadh sé in aghaidh phrionsabal *effet utile* saoráid den sórt sin a sholáthar d'fhiontair a sháraigh an líon foirne nó na tairseacha airgeadais mar gheall ar an athrú buan ar an struchtúr, i.e. mar thoradh ar athrú úinéireachta tar éis cumaisc nó éadála. Cuireann an t-athrú sin an líon foirne nó na huasteorainneacha airgeadais ábhartha chun cinn ar bhonn marthanach agus, dá bhrí sin, níl na hathróga sin faoi réir feidhmíocht eacnamaíoch cuideachta a thuilleadh. Measann an Coimisiún sa chás sin go léiríonn an réaltacht eacnamaíoch nach fíor-FBM é fiontar ar leith. Dá bhrí sin, cé nach leagtar an cás áirithe sin amach go sainráite in Airteagal 4(2) den Sainmhíniú ar FBM in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, bunaithe freisin ar chásdlí Chúirteanna an Aontais agus ar phrionsabal *effet utile*, níor don fhiontar sin tairbhe a bhaint as stádas FBM, tar éis athrú buan úinéireachta.

(193) Ina ionad sin, i gcás inar sháraigh fiontar na huasteorainneacha ábhartha FBM mar thoradh ar athrú buan ar struchtúr nó ar úinéireacht, tar éis cumaisc nó éadála, is é an tráth ábhartha don mheasúnú tráth an idirbhirt (faoina dtagann fiontar chun bheith ina chuid bhuan de struchtúr níos mó) seachas tráth dúnta chuntais an eintitis dhlítheanaigh is iarratasóir.

(194) I gcomhréir leis an léirmhíniú sin, cinneann an Coimisiún nach bhféadfaidh Lužanská Zemědělská a.s. (nó aon tairbhí eile is fiontar mór) Airteagal 4(2) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 a agairt chun údar a thabhairt lena mhéid mar FBM tráth na n-iarratas ar chabhair a cuireadh isteach in 2016 agus 2017. Ina ionad sin, measann an Coimisiún gur tháinig Lužanská Zemědělská a.s. chun bheith ina fhiontar mór tráth a tháinig sé chun bheith ina chuid bhuan de Agrofert agus ní amháin tar éis dó an líon foirne nó na tairseacha airgeadais a luaitear in Airteagal 2 den Iarscríbhinn sin a shárú, mar gheall ar an athrú úinéireachta sin, thar dhá thréimhse chuntasaíochta as a chéile. Dá bhrí sin, an chabhair a deonaíodh do Lužanská Zemědělská a.s. (nó d'aon tairbhí eile is fiontar mór), ní chumhdaítear í leis an mblocdhíolúine faoi Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 (ós rud é nach bhfuil feidhm ag Airteagal 14 den Rialachán sin ach amháin maidir le FBManna agus nach bhféadfaí an chabhair a mheas mar chabhair *ad hoc* d'fhiontair mhóra (aithrisí (144), (147) agus (148)) agus go bhfuil an chabhair neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach araon).

([49]) Féach aithris (104) den chinneadh tosaigh.
([50]) Féach aithrisí (108) go (113) den chinneadh tosaigh.
([51]) Féach aithris (112) den chinneadh tosaigh.

8. **CONCLÚID**

(195) Is é conclúid an Choimisiúin gur Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE atá sa chabhair a dheonaítear d'fhiontair mhóra i bhfoirm deontas díreach. Cinneann an Coimisiún gur chuir an tSeicia scéimeanna cabhrach SA.50787 agus SA.50837 chun feidhme go neamhdhleathach trí chabhair a dheonú d'fhiontair mhóra sular tugadh an fógra, de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE.

(196) Thairis sin, léirítear san anailís roimhe seo nach féidir a dhearbhú go bhfuil an chabhair sin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

(197) Fágann sé sin go bhfuil an Státchabhair a dheonaigh an tSeicia d'fhiontair mhóra faoi scéimeanna SA.50787 agus SA.50837 sular tugadh fógra fúthu neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

9. **AISGHABHÁIL**

(198) De réir Airteagal 108 (2) CFAE agus chásdlí bunaithe Chúirteanna an Aontais, tá an Coimisiún inniúil ar a chinneadh go n-athróidh nó go gcuirfidh an Ballstát lena mbaineann deireadh le cabhair i gcás ina gcinnfidh sé go bhfuil an chabhair neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach ([52]). Chinn Cúirteanna an Aontais go comhsheasmhach freisin, maidir leis an oibleagáid atá ar Bhallstát deireadh a chur le cabhair a mheasann an Coimisiún a bheith neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach, gur oibleagáid í a ceapadh chun an staid a bhí ann roimhe a athbhunú ([53]).

(199) Sa chomhthéacs sin, tá sé bunaithe ag Cúirteanna an Aontais go mbaintear an cuspóir sin amach a luaithe a aisíocann an faighteoir na suimeanna a deonaíodh trí chabhair neamhdhleathach, rud lena bhforghéilleann sé an buntáiste a bhí aige ar a iomaitheoirí ar an margadh inmheánach, agus a luaithe a athbhunaítear an staid a bhí ann sular íocadh an chabhair ([54]).

(200) I gcomhréir leis an gcásdlí, dearbhaítear in Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2015/1589 *'i gcás ina ndéanfar cinntí diúltacha i gcásanna a bhaineann le cabhair neamhdhleathach, cinnfidh an Coimisiún go ndéanfaidh an Ballstát lena mbaineann gach beart is gá chun an chabhair a aisghabháil ón tairbhí (cinneadh aisghabhála).Ní cheanglóidh an Coimisiún aisghabháil na cabhrach dá mbeadh sé sin contrártha do phrionsabal ginearálta de dhlí an Aontais*'.

(201) Dá bhrí sin, tá sé d'oibleagáid ar an tSeicia cabhair neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach a aisghabháil (aithrisí (195) agus (196)) ó na tairbhithe uile arbh fhiontair mhóra iad tráth a deonaíodh an chabhair sin, ach amháin má chomhlíon an chabhair coinníollacha uile Rialachán 1408/2013 ón gCoimisiún ([55]) nó má tá feidhm ag prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais maidir léi mar a maíodh le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil. Maidir le haisghabháil, cumhdófar an tréimhse ón dáta a cuireadh an chabhair ar fáil don tairbhí go dtí an aisghabháil éifeachtach. Gearrfar ús ar an méid atá le haisghabháil go dtí an aisghabháil éifeachtach.

Cur i bhfeidhm líomhnaithe phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla an Aontais maidir leis an gcás atá i gceist

(202) Tá seacht dtairbhí is fiontair mhóra sainaitheanta ag údaráis na Seice cheana féin agus tá na nósanna imeachta iomchuí seolta acu lena bhféachtar le cabhair neamhdhleathach arna deonú sna blianta 2016-2017 faoi scéim cabhrach blocdhíolmhaithe amháin nó faoin dá scéim a aisghabháil (aithris (69)). Áitíonn údaráis na Seice, áfach, nach bhféadfaí nósanna imeachta aisghabhála a chur i gcrích tríd an gcabhair a aisghabháil iarbhír ó na tairbhithe, ar na cúiseanna a mhínítear in aithrisí (117) go (119) den chinneadh seo. Agus iad ag brath ar bhreithiúnais na Cúirte náisiúnta agus ar an dlí náisiúnta a bhí i bhfeidhm tráth a tionscnaíodh na nósanna imeachta aisghabhála, agus go sonrach ar § 15(3)(c) d'Acht Uimh. 218/2000 Coll. maidir le rialacha buiséadacha, agraíonn údaráis na Seice prionsabal na deimhneachta dlíthiúla.

([52]) Breithiúnas an 12 Iúil 1973, an Coimisiún v an Ghearmáin, C-70/72, EU:C:1973:87, mír 13.
([53]) Breithiúnas an 21 Márta 1990, an Bheilg v an Coimisiún, C-142/87, EU:C:1990:125, mír 66.
([54]) Breithiúnas an 17 Meitheamh 1999, an Bheilg v an Coimisiún, C-75/97, EU:C:1999:311, míreanna 64 agus 65.
([55]) Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i dtaca le cabhair *de minimis* san earnáil talmhaíochta (IO L 352, 24.12.2013, lch. 9).

(203) Measann an Coimisiún, i leith § 15(3)(c) d'Acht Uimh. 218/2000 Coll. maidir le rialacha buiséadacha mar a bhí i bhfeidhm tráth a seoladh na nósanna imeachta aisghabhála, go raibh sé ag teacht salach ar rialacha infheidhme an Aontais maidir le cabhair neamhdhleathach a aisghabháil, mar a cuireadh in iúl in iliomad breithiúnas ó Chúirteanna an Aontais, arna léiriú thíos.

(204) Eascraíonn sé as cásdlí Chúirteanna an Aontais, i gcás inar deonaíodh cabhair de bhun rialachán blocdhíolúine cé nár comhlíonadh na coinníollacha atá leagtha síos chun cáiliú do dhíolúine faoin rialachán sin, gur sháraigh deonú na cabhrach sin an ceanglais fógra agus nach mór, dá bhrí sin, a mheas go bhfuil sé neamhdhleathach ([56]). Maidir le státchabhair nach gcumhdaítear le rialachán blocdhíolúine, leanfaidh sí de bheith faoi réir an cheanglais fógra a leagtar síos in Airteagal 108(3) CFAE ([57]).

(205) De réir an chásdlí, ní mór Airteagal 108(3) CFAE a léirmhíniú sa chaoi go gceanglaítear leis an bhforáil sin ar an údarás náisiúnta cabhair a dheonaigh sé de bhun rialachán blocdhíolúine a aisghabháil ar a thionscnamh féin i gcás ina gcinneann sé, ina dhiaidh sin, nár comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos leis an rialachán sin ([58]).

(206) I gcás ina gcinneann údarás náisiúnta nach gcomhlíonann cabhair a dheonaigh sé de bhun rialachán blocdhíolúine na coinníollacha a leagtar síos chun cáiliú don díolúine dá bhforáiltear leis an rialachán sin, tá sé de dhualgas ar an údarás sin na bearta iomchuí a ghlacadh chun neamhdhleathacht chur chun feidhme na cabhrach a leigheas, lena n-áirítear an chabhair a deonaíodh go neamhdhleathach a aisghabháil ar a thionscnamh féin, ionas nach mbeidh an chabhair ar fáil gan bhac don tairbhí go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún a chinneadh. ([59])

(207) Ina theannta sin, meabhraíonn an Coimisiún prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais arna bhunú le dlí-eolaíocht Chúirteanna an Aontais ([60]), ar dá réir a bhíonn dlí an Aontais i réim i gcás ina dtagann coinbhleacht chun cinn idir gné de dhlí an Aontais agus den dlí náisiúnta. Faoin bprionsabal sin, tá sé de dhualgas ar chúirteanna náisiúnta éifeacht iomlán a thabhairt d'fhorálacha dhlí an Aontais, lena n-áirítear, más gá, diúltú (as a stuaim féin) aon fhoráil neamhréireach den reachtaíocht náisiúnta a chur i bhfeidhm.

(208) I gcomhréir le cásdlí socraithe na Cúirte, tá sé de dhualgas ar na húdaráis riaracháin agus na cúirteanna náisiúnta a n-iarrtar orthu araon, i bhfeidhmiú a gcumhachtaí faoi seach, éifeacht iomlán a thabhairt d'fhorálacha dhlí an Aontais a bhfuil éifeacht cheangailteach dhíreach acu ar údaráis na mBallstát ([61]).

(209) Tugann an Coimisiún le fios freisin nach mór do chúirteanna náisiúnta an staid dhlíthiúil a eascraíonn as na nósanna imeachta leanúnacha atá os comhair an Choimisiúin a chur san áireamh, fiú má tá sí sin sealadach ([62]). Ciallaíonn sé sin, fad a bheidh an nós imeachta imscrúdaithe ar siúl, nach mór do chúirteanna náisiúnta iarmhairtí dlíthiúla a bhaint as an gcinneadh tosaigh féin agus gach beart iomchuí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar shárú féideartha na hoibleagáide neamhghníomhaíochta.

(210) Meabhraíonn an Coimisiún freisin cásdlí Chúirteanna an Aontais, ina dtagraítear do dhualgas an údaráis náisiúnta ar cuireadh iarratas ar chabhair faoina bhráid a d'fhéadfadh teacht faoi raon feidhme rialacháin bhlocdhíolúine scrúdú cúramach a dhéanamh, agus an fhaisnéis a cuireadh faoina bhráid á cur san áireamh, an gcomhlíonann an chabhair a ndearnadh iarratas uirthi na coinníollacha ábhartha uile a leagtar síos leis an Rialachán sin agus diúltú don iarratas sin mura gcomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha sin ([63]).

([56]) Breithiúnas an 5 Márta 2019, *Eesti Pagar*, C-349/17, EU:C:2019:172, mír 87.
([57]) Breithiúnas an 5 Márta 2019, *Eesti Pagar*, C-349/17, EU:C:2019:172, mír 86.
([58]) Breithiúnas an 5 Márta 2019, *Eesti Pagar*, C-349/17, EU:C:2019:172, mír 95.
([59]) Breithiúnas an 5 Márta 2019, *Eesti Pagar*, C-349/17, EU:C:2019:172, míreanna 92 agus 89.
([60]) Breithiúnas an 5 Feabhra 1963, Van Gend en Loos v Administratie der Belastingen, C-26/62, EU:C:1963:1;Breithiúnas an 15 Iúil 1964, Costa v E.N.E.L., C-6/64, EU:C:1964:51; Breithiúnas an 9 Márta 1978, Amministrazione delle finanze dello Stato v Simmenthal, C-106/77, EU:C:1978:49.
([61]) Breithiúnas an 5 Márta 2019, Eesti Pagar *AS*, C-349/17, EU:C:2019:172, míreanna 90 agus 91 agus breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2017, The Trustees of the BT Pension Scheme, C-628/15, EU:C:2017:687, mír 54.
([62]) Breithiúnas an 21 Samhain 2013, Deutsche Lufthansa, C-284/12, EU:C:2013:755, mír 38.
([63]) Breithiúnas an 5 Márta 2019, *Eesti Pagar*, C-349/17, EU:C:2019:172, mír 93.

(211) Maidir le § 15(3)(c) d'Acht Uimh. 218/2000 Coll., mar a bhí i bhfeidhm an tráth a tionscnaíodh na nósanna imeachta aisghabhála agus arna cur i bhfeidhm sa chás seo ag an gCúirt náisiúnta, measann an Coimisiún go gcuirtear bac ar chur chun feidhme éifeachtach rialacha an Aontais leis maidir le cabhair neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach a aisghabháil, toisc gur eisigh sé go sainráite go bhféadfaí an chabhair a íocadh cheana a aisghabháil go héifeachtach i gcás inarb é ba chúis leis an aisghabháil gur sháraigh an cinneadh deonúcháin dlí an Aontais ([64]).

(212) Eascraíonn sé as cásdlí socraithe Chúirteanna an Aontais go gciallaíonn prionsabail thosaíocht agus éifeachtacht dhlí an Aontais Eorpaigh nach féidir le Ballstáit agus tairbhithe cabhrach brath ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla chun aisghabháil a theorannú i gcás coinbhleacht idir an dlí náisiúnta agus dlí an Aontais Eorpaigh. I gcás den sórt sin, is é dlí an Aontais Eorpaigh atá i réim agus ní mór rialacha náisiúnta a fhágáil gan iad a chur i bhfeidhm ná a léirmhíniú ar bhealach a chaomhnaíonn éifeachtacht dhlí an Aontais Eorpaigh ([65]).

Líomhain gurb ann d'ionchais dhlisteanacha na dtríú páirtithe

(213) Mhaígh na tairbhithe is fiontair mhóra a chuir a mbarúlacha isteach maidir leis an gcinneadh tosaigh ina n-aighneachtaí chuig an gCoimisiún gur chruthaigh cinntí deonúcháin údaráis na Seice ionchais dhlisteanacha maidir le comhoiriúnacht na cabhrach. Chuir siad roinnt tosca chun cinn a léiríonn, dar leo, go bhféadfaidís a bheith ag súil go dlisteanach go gcomhlíonfadh an chabhair a deonaíodh dóibh na coinníollacha uile is infheidhme. Is iad na hargóintí a bhí ag formhór na dtríú páirtithe go raibh údaráis na Seice go hiomlán ar an eolas faoina stádas mar fhiontair mhóra tráth a deonaíodh an chabhair agus go raibh an chabhair comhréireach agus go raibh éifeacht dreasachta aici d'ainneoin nach raibh an cás frithfhíorasach ann. De réir na dtríú páirtithe, rinne údaráis na Seice seiceáil arís agus arís eile gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le deonú na cabhrach agus nár thug siad aon easnamh le fios (sular cinneadh leis an bhfíorú *ex-post* nár FBManna iad agus dá bhrí sin go bhfuair siad cabhair go hearráideach (aithrisí (78) go (110)).

(214) Meabhraíonn an Coimisiún gur cásdlí socraithe é ([66]) go bhféadfaidh aon phearsa aonair ceart cosanta ionchas dlisteanach a éileamh, is pearsa aonair atá sa chás ina léirítear gur eascair dóchas a raibh údar cuí leis maidir leis an gcabhair a dheonaítear as riarachán an Aontais. Ní fhéadfaidh aon duine, áfach, a phléadáil go ndearnadh sárú ar an bprionsabal maidir le cosaint ionchas dlisteanach in éagmais dearbhuithe sonracha arna dtabhairt dó ag an riarachán. Ní féidir le deonú Státchabhrach a bheith ina chúis le hionchas dlisteanach tríú páirtithe gur cabhair chuí í an chabhair sin, más rud é gur deonaíodh í de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE ([67]).

(215) Tugann an Coimisiún dá aire go mbaineann éileamh na n-ionchas dlisteanach arna ndéanamh ag na tríú páirtithe sa chás seo go heisiach le cinntí na n-údarás náisiúnta.

(216) I ndáil leis sin, meabhraíonn an Coimisiún nach bhféadfar a mheas, maidir le húdarás náisiúnta a dheonaíonn cabhair de bhun rialachán blocdhíolúine, go bhfuil an chumhacht aige cinneadh críochnaitheach a ghlacadh lena gcinntear nach bhfuil aon oibleagáid ann fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcabhair a ndearnadh iarratas uirthi, faoi Airteagal 108(3) CFAE ([68]).

(217) I gcás ina ndeonaíonn údarás náisiúnta cabhair agus rialachán blocdhíolúine á chur i bhfeidhm go hearráideach aige, is sárú é sin ar fhorálacha an rialacháin sin agus ar Airteagal 108(3) CFAE araon ([69]). Dá bhrí sin, is ionann an chonclúid sa chás seo maidir le cabhair neamhdhleathach de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE má dhéantar measúnú ar an gcabhair do na fiontair mhóra mar a deonaíodh í sular tugadh fógra faoi scéimeanna SA.50787 agus SA.50837.

([64]) § 15(3)(c) d'Acht Uimh. 218/2000 Coll., mar a bhí i bhfeidhm go dtí an 31.12.2021.

([65]) Breithiúnas an 5 Deireadh Fómhair 2006, an Coimisiún v an Fhrainc ('Scott'), C-232/05, EU:C:2006:651, míreanna 50-53.

([66]) Breithiúnas an 20 Meán Fómhair 1990, an Coimisiún v an Ghearmáin, C-5/89, ECLI:EU:C:1990:320, míreanna 13 agus 14.

([67]) Féach e.g. breithiúnas an 1 Iúil 2010, Poblacht na hIodáile v an Coimisiún Eorpach, T-53/08, EU:T:2010:267; Breithiúnas an 11 Samhain 2004, Demesa agus Territorio Histórico de Álava *v* an Coimisiún, cásanna uamtha C-183/02 P agus C-187/02, EU:C:2004:701; Breithiúnas an 13 Meán Fómhair 2010, an Phoblacht Heilléanach agus Daoine Eile v an Coimisiún Eorpach, cásanna uamtha T-415/05, T-416/05 agus T-423/05, EU:T:2010:386.

([68]) Breithiúnas an 5 Márta 2019, *Eesti Pagar*, C-349/17, EU:C:2019:172, mír 101.

([69]) Breithiúnas an 5 Márta 2019, *Eesti Pagar,* C-349/17, EU:C:2019:172, mír 103.

(218) Dá bhrí sin, i gcás den sórt sin, má dheonaíonn údarás náisiúnta cabhair, ní chuireann sé sin faoi deara go mbeidh ionchas dlisteanach ag tairbhí na cabhrach sin gur dleathach an chabhair í ([70]).

(219) Thairis sin, is faoi na tríú páirtithe lena mbaineann atá sé an stuamacht agus an dúthracht is gá a thaispeáint agus a dheimhniú dóibh féin gur comhlíonadh rialacha dhlí an Aontais ([71]). Dheimhnigh an Chúirt gur cheart, de ghnáth, go mbeadh oibreoir eacnamaíoch a fheidhmíonn cúram cuí in ann a chinneadh ar leanadh an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 108 CFAE ([72]). Sa chás seo, níor chuir na tairbhithe is fiontair mhóra san áireamh go háirithe gur thagair an bunús dlí náisiúnta d'Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, nach bhfuil feidhm aige ach amháin maidir le FBManna (aithris (115)).

(220) I bhfianaise na réasúnaíochta sin, measann an Coimisiún nach bhfuil bunús le héilimh na dtríú páirtithe gur sáraíodh a n-ionchais dhlisteanacha. An tráth céanna, ní féidir aon dearbhú a d'fhéadfadh na húdaráis náisiúnta a thabhairt do thríú páirtithe a agairt mar bhac ar chabhair neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach a aisghabháil.

(221) I bhfianaise na n-argóintí thuas, ní fhéadfaidh na faighteoirí brath ar phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais amhail ionchais dhlisteanacha agus deimhneacht dhlíthiúil chun cosc a chur ar aisghabháil na cabhrach neamh-chomhoiriúnaí a deonaíodh dóibh go neamhdhleathach. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach ann d'aon ní chun cosc a chur ar Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2015/1589 a chur i bhfeidhm. Ní choisceann aon phrionsabal ginearálta de dhlí an Aontais aisghabháil na cabhrach neamhdhleathaí agus neamh-chomhoiriúnaí a shainaithnítear i gcreat an chinnidh seo.

(222) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil údaráis na Seice faoi oibleagáid gach beart iomchuí a dhéanamh chun an chabhair a íocadh cheana le fiontair mhóra a aisghabháil chun go n-athbhunófar an staid eacnamaíoch ina mbeadh na tairbhithe gan an chabhair neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach a dheonú.

(223) Ní mór d'údaráis na Seice aisghabháil a dhéanamh ar na méideanna cabhrach a shonraítear i ngach cinneadh lenar deonaíodh an chabhair do thairbhí ([73]) arbh fhiontar mór é, tráth deonaithe na cabhrach, de réir bhrí an tsainmhínithe a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, mar aon leis na leasanna aisghabhála. Ní mór an t-ús a ríomh ón dáta a cuireadh an chabhair atá i gceist ar fáil don tairbhí agus go dtí go ndéanfar í a aisghabháil go héifeachtach, i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ([74]) arna leasú le Rialachán (AE) 2015/2282 ón gCoimisiún ([75]).

(224) Maidir leis na tairbhithe lena mbaineann an aisghabháil, cé gur sainaithníodh roinnt tairbhithe cheana féin, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh tairbhithe eile a bheith i gceist freisin. Dá bhrí sin, iarrann an Coimisiún ar údaráis na Seice an cinneadh seo a chur chun feidhme agus an chabhair neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach a aisghabháil ó na tairbhithe uile nár chomhlíon, tráth deonaithe na cabhrach, coinníollacha an tsainmhínithe ar FBM, a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 702/2014.

([70]) Breithiúnas an 5 Márta 2019, *Eesti Pagar*, C-349/17, EU:C:2019:172, mír 106.
([71]) Féach e.g. breithiúnas an 13 Meitheamh 2000, EPAC v an Coimisiún, cásanna uamtha T-204/97 agus T-270/97, EU:T:2000:148.
([72]) Breithiúnas an 5 Márta 2019, *Eesti Pagar*, C-349/17, EU:C:2019:172, mír 98.
([73]) Sna cinntí aisghabhála, shonraigh údaráis na Seice na méideanna cabhrach thíos atá le haisghabháil. Meabhraíonn an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán 2015/1589, nach mór na méideanna cabhrach sin a athríomh chun ús is iníoctha ón dáta a bhí an chabhair neamhdhleathach ar fáil don tairbhí go dtí dáta a aisghabhála a áireamh.
Pomona Tesenice: CZK 1 400 000 (EUR 60 000)
Usovsko EKO: CZK 1 000 000 (EUR 43 000)
Usovsko EKO: CZK 4 700 000 (EUR 200 400)
SADY CZ: CZK 2 100 000 (EUR 80 200)
RBQ SADY: CZK 11 331 000 (EUR 483 000)
M+A+J: CZK 260 000 (EUR 11 000)
Luzanska zemedelska: CZK 2 830 000 (EUR 120 600)
([74]) Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2004 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun Airteagal 93 de Chonradh CE a chur i bhfeidhm (IO L 140, 30.4.2004, lch. 1).
([75]) Rialachán (AE) 2015/2282 ón gCoimisiún an 27 Samhain 2015 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis na foirmeacha fógra agus na bileoga faisnéise (IO L 325, 10.12.2015, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis na bearta i bhfabhar tairbhithe is fiontair mhóra iad atá gníomhach i dtáirgeadh príomhúil talmhaíochta, chun úlloird a athstruchtúrú agus chun uisciú silte a thógáil in úlloird, i bpáirceanna leannlusanna, i bhfíonghoirt agus i bplandlanna, arna gcur i bhfeidhm go neamhdhleathach ag an tSeicia sular tugadh fógra faoi Chinneadh C(2021)41 final, is bearta iad a sháraíonn Airteagal 108(3) CFAE agus is Státchabhair iad i bhfoirm dhá scéim.

Airteagal 2

Maidir leis an Státchabhair dá dtagraítear in Airteagal 1, arna cur i bhfeidhm go neamhdhleathach ag an tSeicia de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE, tá sí neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

Airteagal 3

1. Déanfaidh an tSeicia an chabhair neamh-chomhoiriúnach dá dtagraítear in Airteagal 1 a aisghabháil ó na tairbhithe is fiontair mhóra.

2. Gearrfar ús ar na suimeanna atá le haisghabháil ón dáta a cuireadh ar fáil iad do na tairbhithe is fiontair mhóra go dtí go ndéanfar iad a aisghabháil iarbhír.

3. Déanfar an t-ús a ríomh ar bhonn iolraithe i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 271/2008 ([76]).

Airteagal 4

1. Beidh aisghabháil na cabhrach dá dtagraítear in Airteagal 1 láithreach agus éifeachtach ([77]).

2. Áiritheoidh an tSeicia go gcuirfear an Cinneadh seo chun feidhme laistigh de ceithre mhí tar éis an dáta a thabharfar fógra faoin gCinneadh seo.

Airteagal 5

1. Laistigh de ceithre mhí tar éis fógra a thabhairt faoin gCinneadh seo, cuirfidh an tSeicia an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin:

   — Liosta iomlán de thairbhithe is fiontair mhóra a fuair cabhair faoin dá scéim dá dtagraítear in Airteagal 1;

   — an méid iomlán (príomhshuim cabhrach agus ús aisghabhála) atá le haisghabháil ó na tairbhithe is fiontair mhóra;

   — tuairisc mhionsonraithe ar na bearta a rinneadh cheana féin agus atá beartaithe chun an Cinneadh seo a chomhlíonadh;

   — doiciméid lena léirítear gur ordaíodh do na tairbhithe is fiontair mhóra an chabhair a aisíoc.

2. Coimeádfaidh an tSeicia an Coimisiún ar an eolas faoi dhul chun cinn na mbeart náisiúnta a rinneadh chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme go dtí go dtabharfar aisghabháil na cabhrach dá dtagraítear in Airteagal 1 chun críche. Cuirfidh sí isteach láithreach, ar iarraidh shimplí ón gCoimisiún, faisnéis maidir leis na bearta a rinneadh cheana féin agus atá beartaithe chun an Cinneadh seo a chomhlíonadh. Soláthróidh sí faisnéis mhionsonraithe freisin maidir leis na méideanna cabhrach agus an t-ús aisghabhála a aisghabhadh cheana ó na tairbhithe is fiontair mhóra.

([76]) Rialachán (CE) Uimh. 271/2008 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2008 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun Airteagal 93 de Chonradh CE a chur i bhfeidhm (IO L 82, 25.3.2008, lch. 1).

([77]) Airteagal 16 (3) de Rialachán (AE) 2015/1589.

Airteagal 6

Dírítear an cinneadh seo chuig Poblacht na Seice.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Aibreán 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Margrethe VESTAGER
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin